Tuarascáil Bhliantúil 2018

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN
BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

CLÁR ÁBHAR

Maidir Le hÚdarás Craolacháin Na hÉireann 3

Ráiteas An Chathaoirligh 4

Athbhreithniú An Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 6

An tÚdarás 8

An Coiste Um Chomhlíonadh 9

An Coiste Um Dheonú Conarthaí 9

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 10

Foireann Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin Na hÉireann 11

Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin Na hÉireann 2017-2019 12

Buaicphointí 2018 13

Éagsúlacht Agus Iolracht A Chur Chun Cinn 14

Cumarsáid A Dhéanamh Agus Tionchar A Fheidhmiú 28

Lucht Féachana / Éisteachta A Chumhachtú 34

An Nuálaíocht Agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha A Fheabhsú 38

An Feabhas Agus An Chuntasacht A Ghnóthú 42

MAIDIR LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an 1 Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin, 2009 ("Acht 2009").

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí ginearálta agus sonracha do BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Ina theannta sin, leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- comhall na gcuspóirí seirbhíse poiblí de chuid craoltóirí seirbhíse poiblí a éascú;
- éagsúlacht rialaithe a chur chun cinn sna hearnálacha craolacháin tráchtála agus pobail;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú;
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint;
  - a éascóidh earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas;
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil do 2018 bunaithe ar théamaí straitéiseacha an Ráitis Straitéise 2017-2019 – Éagsúlacht agus Iolracht a Chur Chun Cinn, Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú, Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumachtú, Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú agus An Feabhas agus An Cuntasacht a Ghnóthú.

Is iad an Bord ("An tÚdarás") agus dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh atá in Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhunaigh an tÚdarás buanchoiste ("an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca") chun maoirseacht a dhéanamh ar nithe airgeadais, iniúchóireachta agus riosca. Tacaíonn Feidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann le hobair na heagraíochta.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór an onóir dom tuarascáil bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann i gcomhair 2018 a chur i láthair. Agus é sin á dhéanamh agam, ba chóir dom aitheantas a thabhairt d'obair thiomanta fheidhmeannacht agus fhoireann an BAI i gcaitheamh na bliana, do na hiarrachtaí gan staonadh a rinne mo chuid comhbhall den Údarás agus baill a choistí reachtúla, agus don chomhar agus don tacaíocht a thug na craoltóirí agus na seirbhísigh phoiblí nach bhféadfaí déanamh in uireasa a gcomhoibrithe. Braitheann éifeachtúlacht an BAI go mór ar a chumas bheith ag oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ar fud réimse na craoltóireachta, lena n-áirítear an tAire agus oifigigh sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, craoltóirí, daoine den lucht acadúil, agus eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla gaolmhara. Tá go leor samplaí de chomhoibriú cuiditheach sa tuarascáil seo.

I mbliana, comóradh cothrom 75 bliana an dáta ar thug Eamon de Valera uaidh an óráid iomráiteach, '*the Ireland that we dreamed of*', Lá Fhéile Pádraig, in 1943. Rinne léirmheastóirí fonóid faoin óráid ina dhiaidh sin mar gheall ar an moladh maoithneach a rinneadh inti ar mhaighdeanacha cumtha, ógra lúfar, áitribh chluthara agus leordhóthain chnuaisciúnach, ach déanann siad dearmad ar an gcomhthéacs inar tugadh an óráid le linn cogaidh. Déantar dearmad leis gur aitheasc raidió ab ea an óráid a bhí dírithe ar an diaspóra Éireannach. Dá mhéad leithliseachais agus gnéasachais atá san óráid, tugadh aitheantas inti do na hÉireannaigh thar lear agus rinneadh iarracht inti ar chumarsáid a dhéanamh leis an saol lasmuigh trí na meáin chraolta a bhí ar fáil. Cúig bliana déag is trí fichid dá éis sin, tá an imirce agus an caidreamh atá againn leis an diaspóra Éireannach chomh hábhartha agus atá siad riamh ach tá athrú suntasach amháin tagtha ar an scéal: tá foirmeacha nua pobail anois ann, pobail nach bhfuil i dtaobh le suíomh tíreolaíochta, a bhuíochas leis an teicneolaíocht. Tá lúcháir orm go raibh, ar na tionscnaimh ar thug an BAI tacaíocht dóibh i mbliana, staidéar ar a mhéad a úsáideann imiricigh óga ó Éirinn teicneolaíochtaí meán nua d'fhonn dhá shaol a chaitheamh trí bheith ag baile agus thar lear san am céanna. Bhí an tOllamh Diane Negra (COBÁC) agus an Dr Eleanor O'Leary (IT Cheatharlach) i gceannas ar an taighde agus fionnadh ann go mbaineann 80% d'imircigh Éireannacha úsáid as lánas meán Éireannach ar líne agus moltar ann go bhféadfadh craoltóirí Éireannacha níos mó a dhéanamh chun saoránacht ag an diaspóra Éireannach a chothú. Ina theannta sin, tugadh aird ann ar na deacrachtaí a bhaineann d'inimircigh agus ar an ról fíorthábhachtach atá ag craoltóirí chun tacú leis an éagsúlacht chultúrtha.

Ar ndóigh, is fada buí ó chéile iad Éire an lae inniu agus an Éire a samhlaíodh do De Valera. Chinntigh an infheistíocht dhíreach eachtrach, comhaltas den AE agus an domhandú gur éiríodh as an leithliseachas agus go ndearnadh tír níos féinmhuiníní, níos ionchuimsithí d'Éirinn, tír a fhéachann amach uaithi. I réimse na craoltóireachta, léirítear é sin go maith san Acht Craolacháin, 2009 agus i bplean straitéiseach reatha an BAI moltar an iolarthacht, an éagsúlacht agus aitheantas cultúrtha Éireannach saibhir. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha le sárú i dtírdhreach na meán, i réimse na hinbhuanaitheachta go mór mór. Is rud í an chraoltóireacht seirbhíse poiblí ardchaighdeáin nach féidir déanamh dá huireasa chun daonlathas rafar a bheith againn agus ní mór maoiniú ceart a sholáthar di. Sna hathbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú RTÉ agus TG4 a rinneadh i mbliana, leagadh béim ar an bpointe sin agus tugtar tacaíocht iontu don chás ar son breis maoinithe. Níl aon amhras go bhfuil gá le roinnt cuíchóirithe agus éifeachtúlachtaí a dhéanamh, ach más craoltóireacht seirbhíse poiblí ardchaighdeáin atá uainn, beidh orainn íoc aisti.

Is in 2018 leis a comóradh cothrom 20 bliain an dáta ar bunaíodh TV3, an chéad stáisiún teilifíse tráchtála in Éirinn, a rinne cion nár bheag ar mhaithe leis an éagsúlacht agus ar mhaithe le breis roghanna a bheith ar fáil don lucht féachana teilifíse in Éirinn. Fágann an infheistíocht shuntasach a rinne a úinéirí nua le

deireanas, mar aon le hathbhrandáil TV3 mar Virgin Media One, Two agus Three, gur deimhnitheach go ndéanfar an-fheabhsú ar an gcion sin, feabhsú a mbeifear an-bhuíoch de.

Tá an tsamhail maoiniúcháin mheasctha don chraoltóireacht in Éirinn níos laige de dheasca an laghdaithe atá tagtha ar an ioncam fógraíochta agus an mhéadaithe ar fhógraíocht scar-rogha ar chainéil eachtracha a fhreastalaíonn ar mhargadh na hÉireann. Tá sé sin níos measa mar gheall ar an méadú atá tagtha ar ardáin ar líne leithéidí Google, Amazon, Netflix agus Facebook a bhfuil athrú mór déanta acu ar thírdhreach na meán. De thoradh na n-ardán sin, tá athrú tagtha ar phátrúin tomhaltais, agus tá laghdú tagtha ar an linn fógraíochta do chraoltóirí Éireannacha mar aon le maolú ar an acmhainn chun a chinntiú go mbeidh sreabhadh leanúnach lánais atá ábhartha ó thaobh an chultúir de ar fáil. Ní mór ollchóiriú a dhéanamh ar an an struchtúr rialála agus an tsamhail mhaoiniúcháin láithreach. Mar chuid den ollchóiriú sin, ní mór slite a aimsiú chun a chinntiú go ndéanfaidh soláthraithe a thógann ioncam as margadh na hÉireann rud éigin a thabhairt ar ais mar chúiteamh, i dtéarmaí ábhair chuí nó eile.

Ní in Éirinn amháin atá na saincheisteanna sin le réiteach agus tá lúcháir orm go bhfuil páirt ghníomhach á glacadh ag an BAI i bhfóraim éagsúla Eorpacha agus go bhfuil sé ag cabhrú leis an díospóireacht a mhúnlú faoin Treoir athbhreithnithe ar Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc agus faoi í a thrasuíomh. Bhí an BAI gníomhach leis i réimse na litearthachta sna meáin, is rud a chuireann ar chumas daoine na scileanna agus an t-eolas a bheith acu chun lánas na meán a thuiscint agus a mheas go criticiúil. Táim sásta a thabhairt faoi deara go bhfuil aird tarraingthe go hidirnáisiúnta ar a chuid iarrachtaí sa réimse seo, iarrachtaí atá fíor-riachtanach do dhaonlathas fíor-rannpháirteach, agus go bhfuil roinnt torthaí fónta orthu cheana féin.

Tá taifeadadh fuaime bunaidh óráid de Valera Lá Fhéile Pádraig 1943 caomhnaithe i gcartlanna RTÉ agus tá sé ar fáil ar líne. Tá codanna suntasacha eile dár n-oidhreacht chraolacháin caillte. Is ar an gcúis sin a bunaíodh Scéim um Chartlannú an BAI. Maoiníodh sé cinn de thionscadail chartlannúcháin i mbliana faoin scéim nua a seoladh i mí an Mheithimh. Tá tionchar suntasach fós ag an scéim *Fuaime agus Fís*, a mhaoinítear ó tháille an cheadúnais leis, i ndáil le bunábhar ardchaighdeáin, atá ábhartha ó thaobh an chultúir de, a chothú ar fud raon seánraí. Léiríonn sé ar féidir a bhaint amach trí gan ach tacaíocht airgeadais atá measartha féin a thabhairt do scríbhneoirí, do stiúrthóirí agus do dhéantóirí clár cruthaitheacha. In 2018, bronnadh €12 mhilliún faoi *Fuaim agus Fís 3* do 196 thionscadal raidió agus do 60 tionscadal teilifíse. Caitheadh beagán os cionn 30% den mhaoiniú sin chun tacú le cláir Ghaeilge. Má chuirimid san áireamh an aisling bhunaidh a bhí ag ceannródaithe tosaigh na teilifíse chun oideachas, eolas agus siamsaíocht a chur ar fáil, is cúis sásaimh é an maoiniú méadaithe do chláir oideachais (10% in 2018). Is díol suntais leis é ionadaíocht láidir a bheith ag na mná sna trí phríomhról chruthaitheacha i dtionscadail atá maoinithe ag *Fuaim agus Fís* (scríbhneoir/stiúrthóir/léiritheoir), go háirithe mar gur phríomhchuspóir é sin de chuid Phlean Gníomhaíochta Inscne an BAI.

Nuair a chuir mé tuarascáil na bliana anuraidh i láthair, luaigh mé ráiteas géarchúiseach Francis MacDonald Cornford, fealsamh, a dúirt nach ndéantar aon ní in aon chor go dtí go mbíonn gach aon duine suite meáite de gur chóir é a dhéanamh, agus go mbíonn siad suite meáite de le chomh fada sin go mbíonn sé in am ansin rud éigin eile a dhéanamh. Ní féidir ollchóiriú an bheartais craolacháin agus rialáil na meán ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur siar a thuilleadh. Is ábhar í an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear maoiniú ceart a thabhairt don chraoltóireacht seirbhíse poiblí agus rialáil a dhéanamh ar ardáin ar líne, nach mór aghaidh a thabhairt orthu gan mhoill.

.....

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

In 2018, bhíomar níos faide ná leath slí trí Ráiteas Straitéise reatha an BAI 2017-2019 ("an Straitéis"). Bhí seachadadh na Straitéise agus cur i ngníomh an phlean oibre tacaíochta leabaithe i ngach gné d'obair an Údaráis, na gCoistí Reachtúla agus i mbainistíocht an BAI, mar ar pléadh go rialta an dul chun cinn a bhí déanta agus mar a ndearnadh athbhreithniú ar fheidhmíocht i rith na bliana. Tá áthas orm a rá go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn i ndeireadh na bliana chun ár gcuspóirí straitéiseacha go léir a bhaint amach.

Tá cuid acu sin níos forbartha ná a chéile. Tugadh tosaíocht shonrach do bhreisithe a chur leis an bplean oibre a d'eascair as trasuíomh na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD") agus bunaíodh foireann chun an obair sin a chur chun cinn. Tugadh roinnt mórthionscadal, lena n-áirítear an t-athbhreithniú 5 bliana ar mhaoiniú Craoltóirí Seirbhíse Poiblí, chun críche agus rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí a bhaineann le litearthacht sna meáin agus iolarthacht sna meáin. Bainfear amach cuid de na cuspóirí straitéiseacha eile in imeacht tréimhse níos faide ach rinneadh dul chun cinn maith maidir le gach ceann acu.

Má fhéachaimid go sonrach ar gach téama straitéiseach aonair, tá go leor dul chun cinn le tuairisciú faoi gach ceann acu agus tá níos mó sonraí ar fáil i gcorp na tuarascála.

Cuimsíonn **Éagsúlacht Agus Iolracht A Chur Chun Cinn** roinnt cuspóirí ríthábhachtacha. Tacaíodh leis an iolarthacht trí mhórthionscadail taighde ar úinéireacht na meán agus trí thuarascáil bhliantúil Reuters. Rinneadh athbhreithniú dlínsiúil leis chun tacú le beartas maidir le hiolarthacht sna meán a fhorbairt agus rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas úinéireachta agus rialúcháin. Léirigh na tionscnaimh sin go bhfuil an BAI tiomanta don iolarthacht a chur chun cinn, go bhfuil an iolarthacht cuibheasach láidir in Éirinn agus go bhfuil ardleibhéil mhuiníne fós ag an bpobal i soláthar na nuachta. Tá sé le feiceáil leis inár mbeartais éagsúlachta go bhfuil aitheantas do pháirtithe leasmhara léirithe iontu agus go bhfuil tacaíocht láidir á tabhairt do na torthaí beartais atá sa straitéis athbhreithnithe maidir le seirbhísí craolacháin agus sa phlean gníomhaíochta inscne. Aithníonn craoltóirí, léiritheoirí neamhspleácha agus an lucht féachana agus éisteachta fós an tionchar atá ag ár scéimeanna maoiniúcháin craolacháin.

Faoin téama **Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú**, tá an BAI chun tosaigh ó thaobh an litearthacht sna meáin a chur chun cinn tríd an Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin a bhunú agus trí thacaíocht do raon tionscnamh faoin líonra sin. Soláthrófar sna Rialacha Rochtana athbhreithnithe breis ábhair fhotheidealaithe d'úsáideoirí agus leibhéal níos airde teagmhála le craoltóirí do na grúpaí sin. Thug ár gcuid oibre maidir le hathbhreithniú ar threoirlínte toghcháin agus reifrinn níos mó soiléireachta do chraoltóirí agus don lucht féachana agus éisteachta. Cuireadh tús le hobair chun an córas Gearán Craolacháin a uasghrádú chun go mbeadh sé níos inrochtana don lucht féachana agus éisteachta.

Cuimsíonn an téama **An Feabhas Agus An Chuntasacht a Ghnóthú** gnéithe inmheánacha agus seachtracha araon. Ó thaobh comhlíonadh ag an gcraoltóir de, tá plean riosca-bhunaithe curtha i ngníomh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tosaíochta, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar do rialachas in earnáil na meán pobail. Go hinmheánach, thug an BAI isteach eilimintí deiridh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá an cód á chomhlíonadh go hiomlán anois aige. Tar éis dó tús áite a thabhairt do na heilimintí rialachais in 2017/2018, tabharfar aird in 2019 ar phlean gníomhaíochta a fhorbairt faoi scáth na freagrachta sóisialta corparáidí.

Is é atá i gceist leis an téama **An Nuálaíocht Agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha A Fheabhsú** ná raon de thionscnaimh éagsúla, a bhfuil cuid acu ag teacht le téamaí straitéiseacha eile. Mar a luadh thuas, tugadh

tús áite in 2018 don dara hathbhreithniú cúig bliana ar mhaoiniú poiblí do chraoltóirí seirbhíse poiblí a thabhairt chun críche. Is é an tátal a tugadh sa tuarascáil gur chóir méaduithe suntasacha maoiniúcháin a thabhairt don dá chraoltóir seirbhíse poiblí agus tá an BAI ag fanacht le freagra an Rialtais ar an tuarascáil. Tugadh faoi thionscnaimh leis an earnáil craolacháin pobail agus leis an earnáil craolacháin tráchtála i gcaitheamh na bliana. Tugadh chun críche plean gníomhaíochta chun tacú leis an earnáil pobail i ndeireadh na bliana agus táthar ag súil lena chur i ngníomh le linn 2019. Tacaítear le cruthaitheacht agus le nuálaíocht trí raon comhpháirtíochtaí agus scéimeanna, go príomha faoin gclár foghlama agus forbartha earnála.

Tá treisiú chun feabhais déanta ar an tosaíocht don téama **Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú** agus tá an obair sa réimse sin ag dul i méid go han-tapa ó foilsíodh an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc athbhreithnithe. Ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon, tá ról suntasach glactha ag an BAI air féin tríd an rannpháirtíocht atá againn i ngrúpaí oibre leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus le ERGA, grúpa rialála an Choimisiúin Eorpaigh, i dtaobh conas mar is gá timpeallacht nua rialála na meán a athrú in imeacht na mblianta beaga atá romhainn. Ó thaobh na Cumarsáide de, léiríonn an suirbhé bliantúil ar pháirtithe leasmhara ag ár sainchomhairleoirí gnóthaí poiblí, DHR, aiseolas láidir leanúnach ó pháirtithe leasmhara i dtaobh an raoin cumarsáide a chuireann an BAI ar fáil.

Is fiú aird a thabhairt ar roinnt pointí eile. Tá bailíochtú seachtrach suntasach faighte ag an BAI i leith ár gcuid oibre i réimsí éagsúla - trasuíomh na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc; plean gníomhaíochta inscne agus ár gcuid oibre ar litearthacht sna meáin agus ar iolarthacht sna meáin. Tacaíonn sé sin go láidir le ceann dár bpríomhthorthaí do 2019 "go meastar gur glór faisnéiseach, údarásach ag a bhfuil tionchar mór ar chúrsaí a bhaineann leis na meáin é an BAI". Tá mórán curtha i gcrích againn de réir na n-acmhainní atá ar fáil againn faoi láthair ach tá ár gcuid tosaíochtaí athraithe leis againn chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin nua ar nós thrasuíomh na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Tá tionscnaimh nua agus éagsúla laistigh den straitéis - cuid acu i dtosach a bhforbartha - ach a mbeidh tionchar acu i bhfad na haimsire ar an earnáil ar shlite éagsúla.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an BAI a léiríonn solúbthacht, athléimneacht agus tiomantas mór i gcónaí do rudaí a chur i gcrích. In ainneoin an bhrú atá ag gabháil le dúshláin nua, tá caighdeán na hoibre a dhéantar thar a bheith ard, agus feidhmiú beartas láidir forbartha acmhainní daonna agus eagrúcháin mar thaca léi.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirligh agus baill an Údaráis, an Choiste um Chomhlíonadh, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as a dtiomantas, a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach leis an bhFeidhmeannacht maidir le cuspóirí Ráiteas Straitéise 2017–2019 a bhaint amach.

.....

Michael O'Keeffe
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

AN tÚDARÁS

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú Údarás Craolacháin na hÉireann lena n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr comhaltaí ag an Údarás, a gceapann an Rialtas; cúigear acu ar ainmniú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá an ceathrar comhaltaí eile arna gceapadh ag an Rialtas tar éis don Chomhchoiste Oireachtais, a bhfuil freagracht air maidir le nithe craolacháin, próiseas roghnúcháin a reáchtáil.

Léirítear sa tábla thíos na comhaltaí den Údarás agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2018.

	Cruinnithe	**Dáta Ceapacháin**
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	12/12	02/12/2014
Iníon Mary Curtis	10/12	31/01/2017
An tUas. Alan McDonnell	11/12	02/12/2014
Iníon Grace Smith	11/12	02/12/2014
An tUas Seán Ó Mórdha	11/12	17/02/2015
An tUas. Denis Wolinski	11/12	17/02/2015
An Dr. Rosemary Day	10/12	17/02/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	11/12	17/02/2015
Iníon Vivien McKechnie*	6/8	20/03/2018

*A ceapadh i Márta 2018

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus as líon feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste; ceathrar arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire, agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, arb iad beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2018.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tOllamh Kevin Rafter (Cathaoirleach)	8/8	31/01/2017
Iníon Paula Mullooly*	6/7	20/01/2015
Iníon Eileen Maher	8/8	31/01/2017
An tUas. Nigel Heneghan	6/8	17/02/2015
An Dr. Rosemary Day	6/8	20/01/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	8/8	02/04/2015
Iníon Anne O'Brien	3/8	02/04/2015
An tUas. Neil O'Brien	7/8	14/09/2017

*A d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2018

AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as próisis iarratais ar cheadúnais a oibriú maidir le seirbhísí craolacháin. Tá ochtar gcomhaltaí ar an gCoiste seo; ceathrar gcomhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire agus tá an ceathrar eile arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ar comhaltaí den Údarás iad agus beirt acu ar comhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann iad.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2018.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tUas. Ercus Stewart (Cathaoirleach)	8/9	10/03/2015
An tUas. John Hogan	8/9	10/03/2015
Iníon Eimer McGovern	8/9	10/03/2015
Iníon Clodagh O'Donnell	8/9	31/01/2017
Iníon Grace Smith	9/9	02/04/2015
An tUas. Seán Ó Mordha	8/9	19/10/2017
An Dr. Ciarán Kissane	8/9	14/09/2017
Iníon Celene Craig	9/9	02/04/2015

AN COISTE AIRGEADAIS, INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste de chuid an Údaráis Cuimsíonn na dualgais agus na freagrachtaí dá chuid córais um rialú inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Cuimsíonn comhaltas an Choiste triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhfheidhmiúcháin neamhspleách.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2018.

Comhalta	Cruinnithe
An tUas. Alan McDonnell (Cathaoirleach)	5/5
An tUas. Denis Wolinski	5/5
An tUas. Dermot O'Riordan (Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách)	5/5
Iníon Mary Curtis	4/5

FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Tacaíonn an fhoireann feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, le hobair a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar buanchoiste é, agus le hobair a Choiste um Chomhlíonadh agus a Choiste um Dheonú Conarthaí, ar coistí reachtúla iad.

Is é Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a threoraíonn obair Údarás Craolacháin na hÉireann agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht leis ar chur i ngníomh straitéise agus pleanála don eagraíocht ina hiomláine i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag BAI trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó.

Tá liosta den fhoireann go léir a bhí fostaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann an 31 Nollaig 2018 leagtha amach thíos:

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Michael O'Keeffe
Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Aoife Clabby*, Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Declan McLoughlin, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Anne Louise O'Donovan, Clare O'Sullivan, Andrew Robinson

Bainisteoirí:

Liam Boyle, Diarmaid Breathnach*, Richard Brennan, Gillian Collins, Philip Cooper, Jean Crampton, Monica Doyle, Elizabeth Farrelly, Brian Furey**, Patrick Goodliffe, Sarah Herron, Sally Kennedy, Louise McLoughlin, Fionnuala Murphy, Roger Woods

Oifigigh Feidhmiúcháin:

Lucy Browne, David Carrie, Rachel Casey, Jill Caulfield, Teresa Kearns, Martina Mimnagh, Kevin Morgan, Deborah Molloy Bergin, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone

Oifigigh Chléireachais:

Barry Casey, Colm Coyne, Laura Forsythe, Jennifer Gilsenan, Caroline Keville, Andrea Leonard, Jessica Scott, Deborah Wade

*ar shaoire iasachta
**ar shos gairme

RÁITEAS STRAITÉISE ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN 2017–2019

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
- Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha.
- Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é.
- Clárúchán den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta.
- Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta á mhéadú.
- Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Rialúchán chun earnáil chraolacháin fhreagrach agus chuntasach a ghnóthú.
- Ceannaireacht a léiriú san fhorbairt inbhuanaithe ach caighdeáin arda sa chleachtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn.
- Comhshaol nuálaíoch oibre a chur chun cinn lena n-inspreagtar, lena dtugtar dúshlán agus lena bhforbraítear an BAI.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Is rialtóir iontaofa ag gach geallsealbhóirí é an BAI.
- Aithnítear an BAI agus an earnáil chraolacháin mar shamhlacha den dea-rialachas agus den fhreagracht chorparáideach.
- Tá béascna cheannaireachta agus fheidhmíochta ag an BAI.

FÍS

Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.

MISEAN

- Chun craolachán a rialú, a chothú agus chun tacú leis ar mhaithe leis an bpobal
- Chun iolracht glórtha, tuairimí, soláthraithe agus foinsí sna meáin Éireannacha a chur chun cinn
- Chun ábhar éagsúil den scoth arb ábhartha go cultúrtha é a chothú do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha

LUACHANNA

- Cóir
- Neamhspleách
- Saineolach
- Freagrach

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.
- Aird mhéadaithe ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud gach gníomhaíocht den BAI a chinntiú.
- Saothrú le geallsealbhóirí chun tacú le gnóthú inbhuanaitheachta níos mó d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Aithnítear an chruthaitheacht agus an nuálaíocht mar shainchomharthaí d'earnáil chlosamhairc na hÉireann agus de ghníomhaíochtaí an BAI.
- Forbraítear samhlacha cistithe inbhuanaithe d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Feiceann na geallsealbhóirí BAI mar ghlór faisnéiseach, údarásach agus a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán.

Luchtanna Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Tuiscint, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i dtírdhreach éabhlóideach na meán a fhorbairt.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Bíonn luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn níos nasctha, agus níos rannpháirtí leis an ábhar closamhairc.
- Tacaítear leis na luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn chun tuiscint níos mó a fhorbairt ar tháirgeadh agus leithdháileadh an ábhair chlosamhairc, agus chun bheith rannpháirteach ann.

Tá an tuarascáil seo arna cur le chéile faoi gach ceann de na cúig théama straitéiseacha agus a cuid cuspóirí gaolmhara.

BUAICPHOINTÍ 2018

Plean Gníomhaíochta Inscne BAI / Éagsúlacht agus Iolracht a Chur Chun Cinn

D'fhoilsigh an BAI a Phlean Gníomhaíochta Inscne agus fuair sé tacaíocht fhorleathan ó ionadaithe grúpaí sainleasa closamhairc ban agus ó Chomhairle na hEorpa. Tionchar amháin a bhí aige láithreach ná gur tháinig méadú ar an líon stiúrthóirí mná agus scríbhneoirí mná a fhostaítear i dtionscadail Fuaime agus Físe tar éis critéir shonracha maidir le hinscne a thabhairt isteach.

Litearthacht sna Meáin / Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

Lean an Gréasán ilpháirtithe leasmhara an Líonra Éireannaigh um Litearthacht sna Meáin (MLI), agus tacaíocht á fáil ó BAI aige, de thacaíocht trasearnála a fháil don ghréasán agus de chomhoibriú a bhaint amach i measc raon comhaltaí, ar a n-áirítear craoltóirí, ardáin ar líne, agus ionadaithe de chuid an tsaoil acadúil, eagraíochtaí cathartha, saorálacha agus pobail.

Craoltóirí Seirbhíse Poiblí: Athbhreithniú Cúig Bliana ar Chistiú Poiblí / Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

Rinne an BAI athbhreithniú cúig bliana ar chistiú craoltóirí seirbhíse poiblí a thabhairt chun críche in 2018. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná a shuíomh an bhfuil cistiú leordhóthanach ag RTÉ agus TG4 chun a ndualgais a chomhlíonadh. Cuireadh cás láidir faoi bhráid an Rialtais sa mhórshaothar seo i dtaobh an ghá le breis cistithe chun tacú le hinbhuanaitheacht na gcraoltóirí seirbhíse poiblí i dtimpeallacht na meán faoi láthair agus is é an toradh a bhí air ná gur deonaíodh an méadú ba mhó le fada ar a chistiú poiblí do RTÉ.

An Ghaeilge / An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú agus Éagsúlacht a Chur Chun Cinn

Mar chuid de Bhliain na Gaeilge 2018 agus den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, bhí an BAI ina n-óstaigh don scannán comhaimseartha Gaeilge Murdair Mhám Trasna a thaispeáint i nGaillimh a raibh An tUachtarán Micheál D Ó hUiginn i láthair ann. Ina theannta sin, thionóil an BAI próiseas comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara sa Ghaeilge ar baineadh leas as chun Plean Gníomhaíochta Gaeilge a thabhairt chun críche.

'Blood' a craoladh ar Virgin Media: Carolina Main agus Adrian Dunbar sa dá phríomhpháirt, Company Television Limited a léirigh, Lisa Mulcahy a stiúir agus Sophie Petzal a scríobh

Comhdháil Tionscnaimh an Líonra Éireannaigh um Litearthacht sna Meáin a tionóladh i Stiúideonna Virgin Media: An Dr. Eugenia Siapera, An Dr. Harry Browne, Amanda Davis agus An tOllamh Brian O'Neill

Murdair Mhám Trasna á Thaispeáint ar Scáileán: An Dr. Pauric Travers, An tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn, Michael O'Keeffe agus daoine muinteartha le Maolra Seoighe a daoradh go héagórach

Alt 1

Éagsúlacht agus Iolracht a Chur Chun Cinn

Cuspóirí Straitéiseacha

1. Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
2. Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/ éisteachta Éireannacha.
3. Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht shochaí na hÉireann é
4. Clárúcháin den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn

Torthaí faoin mbliain 2019

1. Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta
2. Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta a mhéadú
3. Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

Tá ceithre bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre a thacaíonn go príomha leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimse iolarthacht na meán; seirbhísí craolacháin; scéimeanna maoinithe craolacháin agus an éagsúlacht sa tsochaí in Éirinn sna meáin chraolta. Déantar tuilleadh plé fúthu thíos faoi seo.

Iolracht na Meán

Ciallaíonn Iolarthacht na Meán éagsúlacht ábhair agus úinéireacht na meán sa Stát. I gcomhréir lena mhisean éagsúlacht glórthaí, tuairimí, asraonta agus foinsí a chur chun cinn i meáin chumarsáide na hÉireann, leanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann le seasamh maidir le beartas feasach a chur in iúl maidir le hIolarthracht na Meán in Éirinn lena dtacaíonn taighde iomchuí.

Forbraíodh dréacht-Bheartas BAI um Iolarthacht na Meán go dtí céim an chomhairliúcháin i gcaitheamh 2018 agus bhí athbhreithniú dlínsiúil ina thaca faoi. Ba é ba chuspóir don dréachtbheartas ná a leagan amach conas mar a thuigtear iolarthacht na meán don BAI agus conas mar a chuirfidh sé cruth ar an raon leathan gníomhaíochtaí a ghabhann an BAI do láimh chun iolarthacht na meán in Éirinn a chur chun cinn agus tacú léi.

Ina theannta sin, seoladh comhairliúchán spriocdhírithe i gcaitheamh 2018 ar an mBeartas Úinéireachta agus Rialaithe reatha ag BAI. Bhí sé le tuiscint as an gcomhairliúchán go bhfuiltear sásta tríd is tríd leis na forálacha reatha sa bheartas, rud atá ag teacht leis an tuairim go bhfuil méid réasúnach iolarthachta sna meáin in Éirinn. Déanfar breis measúnaithe air sin in 2019.

Lena chois sin, rinne comhairleoirí de Communications Chambers tuarascáil taighde ar athruithe ar úinéireacht na meán in Éirinn a chuimsigh na blianta 2015-2017. Ba é tátal na tuarascála ná nach raibh aon laghdú ar an iolarthacht in Éirinn i gcaitheamh na tréimhse sin.

Ina theannta sin, ghlac pearsanra sinsearach de chuid BAI páirt i bhfóraim meán cumarsáide agus in imeachtaí do pháirtithe leasmhara i dtaobh cheist na hiolarthachta in 2018 agus, á aithint go bhfuil saineolas ag an BAI i réimse na hiolarthachta dóibh, fuarthas iarraidh ó Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), go ndéanfadh Éire cathaoirleacht ar an bhfoghrúpa ag an ERGA ar an gceist seo in 2019.

- *Tuarascáil Nuachta Digití Reuters 2018*

  Is í an Tuarascáil Nuachta Digití de chuid Institiúid Reuters an staidéar comparáideach leanúnach is cuimsithí ar thomhailt na nuachta ar domhan agus ar an timpeallacht atá ag athrú maidir leis an nuacht ar fud raon tíortha éagsúla. Tá sí bunaithe ar shuirbhé ar bhreis agus 74,000 duine i 37 margadh, mar aon le taighde cáilíochtúil breise. In 2018, rinneadh scrúdú i bhfad níos mionsonraithe sa tuarascáil ar chruth na meán sóisialta atá ag athrú agus ar an tábhacht mhéadaitheach atá le haipeanna teachtaireachtaí i gcomhair nuachta.

  Ba é 2018 an ceathrú bliain ina raibh BAI páirteach sa tuarascáil seo i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (FuJo), trína dtacaítear leis an anailís ar an taighde ó thaobh na hÉireann de. Taispeánadh sa tuarascáil go raibh leibhéil mhuiníne cuíosach ard fós ag daoine as na meáin thraidisiúnta in Éirinn agus gurbh é an raidió an phríomhfhoinse nuachta, an leibhéal is airde sna 37 dtír go léir a ndearnadh suirbhé iontu.

Straitéis Seirbhísí Craolacháin

Tugtar sa Straitéis Seirbhísí Craolacháin an creat le go gcuireann Údarás Craolacháin na hÉireann pleananna ceadúnúcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara ceadúnúcháinag an BAI le chéile. Tugadh athbhreithniú forleathan ar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin reatha chun críche in 2018, inar áiríodh píosa cuimsitheach taighde a choimisiúnú ar thírdhreach na meán faoi láthair agus sa todhchaí in Éirinn. Tionóladh ócáid chomhairliúcháin i dtaobh na dréacht-Straitéise athbhreithnithe agus d'fhreastail na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara go léir air. Ba é tátal an athbhreithnithe ná gur chóir cur chuige níos cáiréisí a ghlacadh i leith ceadúnú breise i bhfianaise na ndúshlán leanúnach san áit mhargaidh agus rinne an BAI coigeartú ar a phleananna ceadúnúcháin chun é sin a chur i gcuntas. Bhíothas sásta tríd is tríd san aiseolas a fuarthas ón earnáil leis an gcur chuige a ghlac an BAI.

- *Gníomhaíocht Ceadúnúcháin Raidió sa bhliain 2018*

  Tar éis an Straitéis Seirbhísí Craolacháin a thabhairt chun críche, cheadaigh an tÚdarás pleananna ceadúnúcháin raidió pobail agus raidió tráchtála. Is éard a bhí i gceist sna pleananna sin próisis cheadúnúcháin a oibriú i gcomhair seirbhísí láithreacha a raibh a gconarthaí le dul in éag. Chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí na pleananna i ngníomh dá éis sin agus is éard a bhí i gceist iontu ná aon seirbhís craolacháin fuaime pobail amháin agus

Seoladh Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach Reuters 2018: An Dr. Kevin Cunningham, Áine Kerr, Pat O'Mahony, Martina Chapman, Michael O'Keeffe agus An Dr. Pauric Travers

An Cineál Staisiúin	An Lucht Éisteachta Sprice	Limistéar an tSaincheadúnais	Stádas 31 Nollaig 2018
Seirbhís Ilchathracha Tráchtála atá Bunaithe ar Cheol	Aoisghrúpa 45+	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath, Luimneach, Gaillimh agus Contae an Chláir.	Ceadúnú ar siúl
Seirbhís Réigiúnach Tráchtála atá Bunaithe ar Cheol (Daoine Óga)	15-34 Bliana d'Aois	Réigiún an Iarthuaiscirt	
		Réigiún Lár Tíre agus an Oirthuaiscirt	
Pobal	Pobal Áitiúil	Clár Chlainne Mhuiris agus an ceantar Máguaird	
		Dún Dealgan agus an ceantar Máguaird	
		Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath	
		Deisceart Bhaile Átha Cliath	An próiseas ceadúnúcháin tugtha chun críche
		Leithinis Cheann Léime – Siar ó Chill Rois agus ón Dún Beag	Conradh sínithe le Raidió Corca Baiscinn
		Iardheisceart Thiobraid Árann-Bailte Thiobraid Árann agus Chaisil agus an ceantar Máguaird	Conradh sínithe le Tipperary Mid West Radio
		Eochaill agus an ceantar Máguaird	Conradh sínithe le Community Radio Youghal
	An Pobal Críostaí	Cathair Chorcaí	Conradh sínithe le Life FM

trí cinn de sheirbhísí craolacháin fuaime tráchtála a athcheadúnú, mar aon le pleananna ceadúnúcháin a ceadaíodh roimhe sin a thabhairt chun críche.

Faoi dheireadh na bliana, síníodh ceithre cinn de chonarthaí craolacháin fuaime; bhí na próisis cheadúnúcháin i gcomhair dhá sheirbhís bhreise geall leis críochnaithe, agus bhí na próisis a bhain le cúig sheirbhís raidió eile ar siúl. An 11 seirbhís atá ar áireamh ar na pleananna ceadúnúcháin in imeacht na tréimhse sin, tá cur síos orthu sa tábla thíos faoi seo [thíos/trasna].

Ina theannta sin, rinne an BAI athbhreithniú ar a Chonradh Seirbhíse Clár Teilifíse le Virgin Media Television Limited chun na seirbhísí teilifíse Virgin Media One agus Virgin Media Two, agus Virgin Media One + 1 a sholáthar.

- *Seirbhísí Craolachán Fuaime Sealadacha*

  I ngach bliain, iarrann iarratasóirí conarthaí craolacháin fuaime 30 lá i gcomhair raon gníomhaíochtaí leithéidí féilte agus tionscnaimh shóisialta, tionscnaimh reiligiúnacha, tionscnaimh do mhic léinn agus tionscnaimh chultúrtha. Ina theannta sin, iarrann iarratasóirí conarthaí craolacháin fuaime 100 lá i gcomhair tréimhse 12 mhí agus, tríd is tríd, is grúpaí pobail iad sin a bhíonn ag beartú ar sheirbhísí raidió pobail píolótacha a chraoladh. I gcaitheamh 2018, rinne an Coiste um Dheonú Conarthaí 19 gcinn de chonarthaí craolacháin fuaime sealadacha a dheonú.

5 Pobal ar bhonn Píolótach

1 Meabhairshláinte

5 Tríú Leibhéal/Meánscoil

2 Tionscadal Reiligiúnach

1 An Nollaig

1 Feasacht faoin Uathachas

4 Pobal Sealadach

Cineálacha Seirbhísí Sealadacha a Ceadúnaíodh in 2018

- *Conarthaí Soláthair Lánais*

  Déantar foráil leis an Acht Craolacháin 2009 maidir le conarthaí soláthair lánais a dheonú i gcomhair teilifíse agus raidió. Ceanglaítear ar iarrthóirí rathúla a lorgaíonn an cineál seo conartha craoladh ar leithligh a shocrú ar ardán iomchuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte, ar theilifís trastíre dhigiteach nó ar Phrótacal Idirlín. Fuarthas trí iarratas den sórt sin in 2018, inar deonaíodh conradh ar gach iarrthóir acu;

- **Virgin Media Sport** – a sholáthraíonn raon leathan de chlúdach beo spóirt do chustaiméirí Irish Virgin Media Television, lena n-áirítear cluichí UEFA Champions League.

- **CSI Fight Sports** – a thairgeann clúdach ar dhornálaíocht, ar ealaíona comhraic agus spóirt teagmhála eile don lucht féachana ar fud na hEorpa Láir.

- **Juice FM** – a chumasaíonn do mhic léinn de chuid an chúrsa craolacháin raidió i gColáiste Stiofáin Naofa craoladh a dhéanamh ar an triail raidió DAB atá ar siúl i gCorcaigh.

  Bhí níos mó gníomhaíochta sa réimse oibre seo leis i gcaitheamh na bliana, agus craoltóirí atá lonnaithe i RA ag fiosrú na féidearthachta go bhféadfaidís a gcuid oibríochtaí a aistriú go hÉirinn d'fhonn ullmhú i gcomhair Brexit. Chuaigh an BAI i dteagmháil le raon leathan craoltóirí ar feadh na bliana i dtaobh an ábhair seo.

- *Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim*

  Cabhraíonn an bhainistíocht agus pleanáil speictrim lena chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtúla is féidir as an speictream raidió ón taobh sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil de. Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ar fud na bliana 2018 le páirt a ghlacadh i bpleanáil speictrim náisiúnta agus idirnáisiúnta chun timpeallacht dhearfach a chinntiú le haghaidh fhorbairt na seirbhísí craolacháin in Éirinn. Dréachtaítear comhaontuithe idirnáisiúnta agus comhaontaítear na saintréithe teicniúla de stáisiúin chraolacháin idir tíortha in aice a chéile, a chabhraíonn lena chinntiú go bhfuil rochtain chothromasach ag gach tír ar an speictream raidió.

  Bíonn sé riachtanach go minic minicíochtaí a athúsáid leis an raon is mó seirbhísí in Éirinn a chinntiú trí roghnú cuí a dhéanamh ar shuíomh agus ar mhinicíocht, agus trí bharr feabhais a chur ar dhearadh aeróg agus cumhacht tarchurtha ag láithreáin tarchuir. Bíonn an BAI ag obair go dlúth leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide chun anailís a dhéanamh ar thograí craolacháin ó thíortha in aice linn lena chinntiú nach dteorannódh aon athruithe clúdach na gcraoltóirí reatha go míchuí nó iad siúd sa todhchaí in Éirinn. I gcaitheamh 2018, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann tograí tarchurtha nua a mheas agus modhnuithe ar líonraí tarchurtha a shainaithint freisin chun clúdach líon seirbhísí raidió a fheabhsú agus/nó a mhéadú. Orthu sin bhí Sunshine Radio a thug tarchuradóir nua isteach a chuimsíonn tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, fadú a chur le clúdach Spirit Radio agus feabhas a chur ar chlúdach Today FM in oirdheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath/i dtuaisceart Chontae Chill Mhantáin. Lorgaíodh ceadúnais freisin ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide le haghaidh stáisiúin raidió pobail shealadacha agus phíolótacha.

Ceadúnú LifeFM: Brian Daly, Ann Glanville, An Dr Pauric Travers, Michael O'Keeffe



Ócáid Chomhairliúcháin i dtaobh na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin: Sophie Outhwaite agus Matthew Horsman, Mediatique

Na Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin

Is í sprioc Chiste Craolacháin BAI go méadófar ar an rochtain phoiblí ar chláir ardcháilíochta teilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge agus chun cistiú a dhéanamh ar chartlannú ábhair clár a dhéantar chun a chraolta. Cruthaítear ioncam an Chiste trí 7% de ghanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse. Bhain craoltóirí, léiritheoirí neamhspleácha agus an lucht éisteachta agus féachana an-tairbhe as an gciste seo ó thaobh tacú le lánas nua closamhairc ardchaighdeáin a tháirgeadh, lena n-áirítear lánas as Gaeilge. Lean an éagsúlacht lánais a craoladh ar raon leathan de chainéil raidió agus teilifíse de bheith ag méadú i gcaitheamh 2017/2018. Seoladh an dara scéim chun ábhar clár a chartlannú i Meitheamh 2018 i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad scéim éiritheach i gcomhair ábhar a chartlannú.

Is iad na scéimeanna a oibrítear faoin gciste ná **Fuaim agus Fís 3**, trína dtacaítear do chistiú clár agus bearta coimhdeacha agus **Scéim um Chartlannú 2**, trína soláthraítear cistiú chun cultúr cartlannúcháin a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann is rud a chuidíonn le hoidhreacht agus taithí chraolacháin na hÉireann a chaomhnú.

- *Fuaim & Fís 3*

Cuireadh i gcrích dhá bhabhta d'Fhuaim & Fís i rith 2018 arb é an toradh a bhí orthu gur dámhadh cistiú de 60 tionscadal teilifíse agus do 196 thionscadal raidió arbh fhiú beagán faoi bhun €12m iad. I gcomhréir le critéir na Scéime agus le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis, leithroinneadh an cistiú ar fud sheánraí agus fhormáidí na Scéime ag féachaint don Ghaeilge agus d'éagsúlacht an lucht féachana agus éisteachta agus do ghnéithe déimeagrafacha, trínar cinntíodh gur cistíodh raon lánais ardchaighdeáin ó thaobh tionscadail in oidhreacht agus cultúr na hÉireann.

Na tionscadail a dámhadh, fuair siad tacaíocht ó raon leathan craoltóirí – craoltóirí tráchtála, pobail agus poiblí – a oibríonn ar bhonn náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus pobail agus, tríothu sin, fónann siad do mheascán lucht féachana agus éisteachta.

Ba dhíol sunais in 2018 an méadú ar chistiú a dámhadh do thionscadail oideachais, arbh ionann é agus 10% den chistiú iomlán a leithroinneadh. Dámhadh cistiú 30.5% do thionscadail as Gaeilge, lena n-áirítear cláir dhátheangacha. Bhí mórchuid ionadaíochta ag na mná ar fud na n-iarratas ar an scéim i gcomhthéacs na dtrí ról ceannasaíochta chruthaitheacha ríthábhachtacha (Léiritheoir/Stiúrthóir/Scríbhneoir).

Teilifís/Raidió	An Líon Tionscadal	€ Cistí Iomlána a Dámhadh	%
Raidió	196	€1,346,056	11.25%
Teilifís	60	€10,615,960	88.75%
An Cineál Craoltóra			
Pobal	91	€954,585	7.98%
Tráchtáil	85	€2,403,130	20.09%
Craoltóir Seirbhíse Poiblí	80	€8,604,301	71.93%
An Lucht Féachana agus Éisteachta			
<15	13	€1,430,990	11.96%
15-34	9	€581,590	4.86%
35-54	10	€397,690	3.32%
Gach Aosach	174	€7,712,546	64.48%
Teaghlach	50	€1,839,200	15.38%



Genre

- **81** An tSochaí Chomhaimseartha
- **80** An Stair/An Oidhreacht
- **64** Na hEalaíona/An Cultúr
- **17** Cláir do Leanaí
- **13** An Eolaíocht/An Dúlra/An Timpeallacht
- **1** Litearthacht Aosach/Litearthacht ó thaobh na Meán

Seánraí



Format

- **174** Cláir Faisnéise
- **37** Drámaíocht
- **23** Siamsaíocht
- **19** Oideachas
- **3** Saothar Beochana

Formáidí

- *Athbhreithniú ar an Scéim*

  Ceanglaítear ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú agus éifeachtúlacht na Scéime Fuaime agus Físe, agus ar an tionchar atá aige, i gceann gach trí bliana. Rinne an tÚdarás comhaontú ar an gcur chuige a bheadh aige i leith an athbhreithnithe i mí na Nollag 2018 agus cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe trí thairiscintí a iarraidh chun sainchomhairleoirí taighde a dhéanamh measúnacht neamhspleách ar an scéim, agus é de chuspóir aici an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche i gcaitheamh na chéad leithe de 2019.

Ireland's Deep Atlantic

- *Buaicphointí do 2018*

Shooting the Darkness – Broadstone Films Ltd

Is é Broadstone Films Ltd. a léirigh agus RTÉ a chraol. Déantar cur síos in "Shooting the Darkness" ar scéalta na bhfear a ndearnadh grianghrafadóirí cogaidh díobh gan fhios dóibh féin ar shráideanna a mbailte féin trí ghrianghraif a dhéanamh i gcaitheamh na dTrioblóidí. Bhí coinne acu go mbeadh gairm bheatha acu ag déanamh grianghraif ar bhainisíocha agus ar ghairmeacha grianghraf daoine cáiliúla ach, ina ionad sin, is amhlaidh a tháinig na híomhánna a rinne siad i gcaitheamh na mbliana ba mheasa de na 'Trioblóidí' chun bheith ina suaitheantas don choimhlint sin.

Shooting the Darkness: Grianghraf de Martin Nangle agus é i mbun oibre i mBéal Feirste

Ireland's Deep Atlantic – Sea Fever Productions

Sea Fever Productions a léirigh agus RTÉ a chraol. Is scannán uaillmhianach é "Ireland's Deep Atlantic" agus is sraith de chláir staire dúlra ar cuid suntais í ina dtugtar tuairisc ar an mbeatha in uiscí domhaine na hÉireann agus ina n-iniúchtar an céanna.

The Game – Crossing The Line Productions Ltd

Crossing the Line Productions Ltd a léirigh agus RTÉ a chraol, déanann "The Game" cur síos ar chluiche na hiománaiochta trí theicníci agus teicneolaíochtaí úrscothacha ceamara a úsáid mar aon le hionramháil nuálaíoch píosaí scannánaíochta agus stadán cartlainne.

The Game

A Woman's Place – EMM Productions Ltd

EMM Productions Ltd a léirigh agus Oireachtas TV a chraol. Is clár faisnéise é "A Woman's Place" a leanann Noel Murphy ealaíontóir agus é ag tabhairt faoi aistear chun péintéireacht a dhéanamh de chomhaltaí mná uile an Oireachtais ar aon chanbhás amháin chun cothrom céad bliain thoghadh na Cuntaoise Markievicz a chomóradh.

A Woman's Place: Noel Muphy ag déanamh grianghraif den Seanadóir Lynn Ruane

The Meeting – Parzival Productions Ltd

Parzival Productions Ltd a léirigh agus DCTV a chraol. Is dráma cumhachtach é "The Meeting" ina ndéantar cur síos ar an gcruinniú aisiríoch idir íospartach le hionsaí collaí tromchúiseach, Ailbhe Griffith, agus an fear a rinne an t-ionsaí tar éis é a scaoileadh saor ó théarma príosúin seacht mbliana. Is ag Ailbhe Griffith atá an phríomhpháirt sa scannán agus comhcheanglaíonn sé drámaíocht dhaonna dhomhain le héachtaint dhlúth ar réimse den cheartas coiriúil a bhféadfadh tionchar substainteach a bheith aige ar shochaí na hÉireann.



The Meeting: Ailbhe Griffith

Great Lighthouses of Ireland – Telegael Teo

Telegael Teo a léirigh agus RTÉ a chraol, is sraith theilifíse é "Great Lighthouses of Ireland" ina dtugtar tuairisc ar stair thithe solais na hÉireann. Is sraith é atá mórthaibhseach ó thaobh an radhairc de ina n-insítear na scéalta i dtaobh na staire, na hinnealtóireachta agus na ndaoine a bhaineann leis na foirgnimh stairiúla sin, agus tugtar míniú ann ar an gcúis a bhfuil tithe solais fós ríthábhachtach dár modh maireachtála.

Fords – Memories Of The Line – Frameworks Films Ltd

Frameworks Films Ltd a léirigh agus Cork Community Television a chraol, tugtar tuairisc in "Fords - Memories of the Line" ar conas mar a bhí sé a bheith ag obair ar an líne chóimeála i monarcha dhéantúsaíochta gluaisteán Ford i gCorcaigh, a bhí ag feidhmiú ó 1917 go 1984.

Memories Of The Line: I mbun oibre i monarcha dhéantúsaíochta Ford i gCorcaigh

Lomax in Éirinn – Aisling Productions Ltd

Aishling Productions Ltd a léirigh agus TG4 a chraol, is príomhchlár faisnéise é "Lomax in Éirinn" a thugann cuntas ar an gcaoi ar tháinig an bailitheoir amhrán cáiliúil Meiriceánach, Alan Lomax, go hÉirinn in 1951 chun ceol traidisiúnta na hÉireann a bhailiú agus a thaifeadadh ar téip i gcomhair an chéad bhailiúcháin fadcheirnín riamh de cheol traidisiúnta na hÉireann. Á chur i láthair ag Pól Brennan de chuid Clannad, insítear sa chlár faisnéise

Lomax in Éirinn

Great Lighthouses of Ireland: Teach Solais Charraig Aonair

scéal Alan Lomax agus cíortar ann an oidhreacht a bhí ag a chuid taifeadtaí ar cheol na hÉireann agus an domhain.

Murdair Mhám Trasna – ROSG

Is scannán drámaíochta / príomhchlár faisnéise é "Murdair Mhám Trasna" arna léiriú ag ROSG agus arna chraoladh ag TG4, ina gcuirtear síos ar na himeachtaí a bhain le dúnmharuithe 1882 i bpobal tuaithe Dhúche Sheogheach, ar an teorainn idir Gaillimh agus Maigh Eo agus an triail ina dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath inar daoradh duine de na cúisithe go héagórach agus inar crochadh é as na dúnmharuithe. In 2018, shínigh an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn pardún iarbháis do Mhaolra Seoighe, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás.

Murdair Mhám Trasna

Pablo – Paper Owl Films Ltd

Is sraith tharraingteach agus chlaochlaitheach é 'Pablo' don réamhscoil ina measctar gníomh beo agus beochan 2T. Is scéal é i dtaobh garsún óg, Pablo, atá ar an speictream uathachais. Úsáideann sé a chuid crián draíochta chun eachtraí iontacha a dhéanamh de dhúshláin a shaoil agus ina ndéanann sé carachtair ildaite a dhéanamh dá mhothúcháin a bhfuil guth acu chun aghaidh a thabhairt ar an domhan nithiúil go muiníneach.

Pablo

- *Raidió*

- **A Pilot's Honour** – arna léiriú ag Alan Meaney agus arna chraoladh ar Newstalk, dráma raidió uaibhreach faoi phíolótach aerárthaigh trodaíochta de chuid na Stát Aontaithe ar beag nár maraíodh san laráic é agus a fhaigheann grá gan choinne ar chladach fiáin iarthar na hÉireann. Thug an clár drámaíochta seo, a bhain duais IMRO dó féin, léiriú ar an téama a bhain le taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta agus ó thaobh saincheisteanna domhanda a théann i bhfeidhm ar Stát na hÉireann.

- **Awakening the Goddess Within** – sraith arna léiriú agus arna craoladh ag Athlone Community Radio ina dtugtar cuntas ar thaithí 12 ban, 50 bliain d'aois agus níos sine, agus iad ag glacadh páirte i sé cinn de cheardlanna filíochta comhchuiditheacha atá ar siúl ar aon uain le féilte Ceilteacha éagsúla a reáchtáiltear in imeacht aon bhliain amháin

- **Moments with Monuments** – sraith de chláir a d'ullmhaigh agus a chraol KCLR, ina ndéantar próifíliú ar na scéalta a bhaineann le 50 plaic agus cuimhneachán éagsúil atá le fáil in ionaid dhifriúla timpeall ar Chill Chainnigh. Is sampla iontach é an tionscadal de conas is féidir stair áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn trí mheán an raidió.

- **The Rising Sisters** – sraith drámaíochta stairiúil ceithre pháirt a bhí suite i dtreo dheireadh na 1800í i dtuath Éireann arna léiriú agus arna craoladh ag Community Radio Youghal. Insítear ann an scéal fíor i dtaobh líon tí ó Chill Ia in Oirthear Chorcaí i gcaitheamh na tréimhse sin ar athraíodh a saol de dheasca sainte agus éilliú polaitiúil.

- **William Bourke Cockran** – clár faisnéise raidió a léirigh Paul Wright agus a chraol Raidió Pobail Chlár Chlainne Mhuiris ina ndearnadh imscrúdú ar scéal an pholaiteora William Bourke Cockran, a saolaíodh i Sligeach, agus a tháinig chun bheith ar dhuine de na hóráidithe ba mhó le rá i bPolaitíocht na Stát Aontaithe agus a thug spreagadh do Winston Churchill.

- *Bearta Coimhdeacha*

- leanadh ar aghaidh le Scéim Forbartha Cine4, is tionscnamh comh-mhaoinithe idir an BAI, TG4 agus Fís Éireann chun tacú le forbairt agus léiriú príomhscannáin as Gaeilge.
- seoladh acmhainn nua foghlama teagaisc sa tsraith shóisearach dar teideal "Tommy Bowe Body Check" le tacaíocht ón BAI agus RTÉ. Bhí sé d'aidhm ag an tionscnamh seo tacú le seachadadh churaclaim nua Béarla agus Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh agus bhí sé ina acmhainn seomra ranga threoraithe a bhí bunaithe ar shraith clipeanna as an gclár faisnéise i dtaobh Tommy Bowe imreoir rugbaí idirnáisiúnta. Leanadh le hiniúchadh breise a dhéanamh ar an gcineál seo comhoibrithe agus ar úsáid ábhair Gaeilge ardchaighdeáin sa seomra ranga isteach in 2019.
- leanadh ar aghaidh le Dreasacht Chomhfhorbartha Cheanada-na hÉireann. Is comhoibriú é an tionscnamh seo idir an BAI agus an Canada Media Fund (CMF) lena spreagtar léiritheoirí ó Cheanada agus ó Éirinn chun tionscadail teilifíse a chomhfhorbairt. Tá sé dírithe ar thionscadail a chomhlíonann téamaí na Scéime Fuaime agus Físe agus chuspóirí an CMF, agus d'éirigh le seacht dtionscadal dámhachtainí cistiúcháin a fháil i gcaitheamh 2018.
- Reáchtáladh Séasúr Scannán Faisnéise Éireannach speisialta i dTeach Chill Airne, Co. Chiarraí i gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh, le tacaíocht ón BAI agus ón IFI. I measc na n-imeachtaí poiblí saor in aisce bhí rogha de thionscadail arna maoiniú ag an BAI a taispeánadh ar scáileán i seomra nua closamhairc an tí.
- ina theannta sin, chuaigh an BAI le TG4 agus leis an gComhairle Ealaíon mar chomhpháirtithe ar scéim um chláir faisnéise ealaíon ilDÁNA 2018. Ceapadh an scéim seo chun tacú le clár faisnéise fadfhoirme uaillmhianach cineamharcach a dhéanamh ar na healaíona i nGaeilge i gcomhair sceideal TG4. Thug an BAI € 40,000 de ranníocaíocht don tionscadal seo.

Seoladh Tommy Bowe's Body Check: Acmhainn Foghlama nua i gcomhair na Sraithe Sóisearaí

An Scéim um Chartlannú 2

Seoladh an Scéim um Chartlannú 2 i mí an Mheithimh, agus cuirtear tacaíocht chistiúcháin ar fáil tríd chun cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann, is rud a chuireann le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann agus taithí na hÉireann sa chraoltóireacht a chaomhnú. I measc chuspóirí na Scéime tá forbairt cur chuige comhtháite maidir le cartlannú a dhéanamh ar ábhar cláir, próisis oiriúnacha stórála agus rochtain a bheith ag páirtithe leasmhara ar ábhar cláir.

Osclaíodh babhta maoiniúcháin i mí Lúil inar díríodh ar ábhar cláir a chosaint atá i mbaol de bharr an drochbhail atá air nó atá i bhformáidí a bheidh as feidhm go luath agus, tar éis iarratais a fháil agus a mheasúnú, dámhadh maoiniú do 6 thionscadal i mí na Nollag. Is iad seo a leanas na sé thionscadal:

Seoladh na Scéime um Chartlannú 2: Michael O'Keeffe, Elizabeth Farrelly agus An Dr. Pauric Travers

Iarratasóir	Cineál	Comhpháirtí/ Comhpháirtithe	Ábhar	Cistí a Dámhadh
Institiúid Scannán na hÉireann	Institiúid a bhfuil ábhar iomchuí aici	*Ballymun Communications*	Píosaí scannánaíohta a thaifead *Ballymun Communications* do chainéil teilifíse in imeacht tréimhse 30 bliain ó na 1980idí luatha	€219,936
Northern Ireland Screen	Institiúid a bhfuil ábhar iomchuí aici	*PRONI (Public record office Northern Ireland)*	Ábhar closamhairc de chuid UTV 1959-1993 (PRONI); digitiú scannán cine thart ar 1959 -72	€275,000
TG4	Craoltóir Teilifíse Seirbhíse Poiblí	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, don spórt CLG	1,435 uair an chloig d'ábhar teilifíse i bhformáid beta SP lena n-áirítear cláir do pháistí agus siamsaíocht, drámaíocht agus cláir spóirt i nGaeilge, a cruthaíodh idir 1996 - 2006	€435,473
Northern Visions Ltd	Craoltóir Teilifíse Pobail	Raidió Fáilte	Bailiúchán de chláir raidió agus teilifíse Gaeilge ó sheirbhísí pobail 1970aidí - 2010, lena n-áirítear cúrsaí reatha, léamha filíochta, seoltaí leabhar agus agallaimh	€90,037
RTÉ	Craoltóir Teilifíse Seirbhíse Poiblí	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Taifeadtaí Gaeilge thart ar 1950 - 2009 a fuarthas i measc timpeall le 35,000 téip spóil oscailte ceathrú orlaigh sealbhaithe agus timpeall le 45,000 téip spóil oscailte ceathrú orlaigh neamhshealbhaithe agus iompróirí digiteacha luatha	€455,584
RTÉ	Craoltóir Teilifíse Seirbhíse Poiblí		Bailiúchán nuachta ó na 1970idí ar Théip Beta SP ar scannánaíodh é ar fad geall leis ar stoc scannán a rinneadh de phlaisteach aicéatáite	€421,872

Rinneadh iarratais a struchtúrú ar chuir chuige straitéiseacha maidir le hábhar cultúrtha luachmhar a chosaint agus, go háirithe, maidir le caighdeáin chartlannaithe a nglactar leo go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus cloí leo, inniúlacht agus eolas a chothú agus so-rochtaineacht a thabhairt don phobal ar bhailiúcháin. Bhí cur chuige comhpháirtíochta le feiceáil leis i roinnt de na hiarratais amhail an comhoibriú idir RTÉ agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; TG4, OÉG agus CLG; agus Institiúid Scannán na hÉireann agus Ballymun Communications. Spreagann an Scéim cuir chuige chomhoibritheacha den sórt sin agus comhlíonann siad ceann de na príomhchuspóirí, is é sin, cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le cartlannú.

Éagsúlacht na Sochaí Éireannaí sna Meáin Chraolacháin

Tá ról lárnach ag an BAI ó thaobh ionadaíocht mhéadaithe a dhéanamh ar éagsúlacht shochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin le béim ar leith á cur sa straitéis reatha ar inscne agus ar an nGaeilge agus ar réimsí eile éagsúlachta a dtabharfar tosaíocht dóibh sna blianta atá romhainn. Is obair fhadtréimhseach í sin lena gcíortar deiseanna comhpháirtíochta, an fhéidearthacht imeachtaí a eagrú, tionscnaimh oiliúna, tionscnaimh chistiúcháin agus comhráite a dhéanamh leis an tionscal chun cuir chuige a aithint trína dtacófar le breis éagsúlachta.

- *Plean Gníomhaíochta Inscne BAI*

  Tugadh tús áite d'fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Inscne ag tús straitéis an BAI in 2017 agus foilsíodh é go luath in 2018. Fuair an plean seo tacaíocht agus formhuiniú forleathan ó ionadaithe grúpaí sainleasa closamhairc ban agus ó Chomhairle na hEorpa, a ndearnadh tagairt dá moltaí sa phlean. Tá deiseanna cruthaitheacha curtha ar fáil ag Scéim Fuaim & Fís 3 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothromaíochta inscne ar an scáileán agus lasmuigh den scáileán, agus is údar dóchais iad na torthaí go dtí seo. Tionchar láithreach amháin ab ea méadú ar líon na mbanstiúrthóirí agus na mbanscríbhneoirí atá fostaithe i dtionscadail Fuaime & Físe, tar éis critéir shonracha maidir le hinscne a thabhairt isteach in 2018. Táthar ag súil go dtabharfaidh an tionscnamh seo deis chun an scéalaíocht a leathnú amach, carachtair nua bhaineanna a chur i láthair, bídís fíor nó ficseanach, do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, agus scéalta éagsúla agus guthanna éagsúla a chur chun cinn go ginearálta. Ba chóir go dtiocfadh arduithe céatadánacha seasta ar ionadaíocht na mban sa réimse seo sna blianta amach romhainn mar thoradh air sin. Tionchar eile a bhí aige ná gur tugadh cuireadh don BAI an plean a chur i láthair a comhaltaí ag ceardlann Fhaireachlann Chlosamhairc na hEorpa ar "Neamhchothromaíochtaí inscne sna tionscail chlosamhairc" a tionóladh i mí na Nollag 2018 in Strasbourg.

- *Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge*

  D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le cláir ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn sa Ghaeilge, tugann an BAI faoi réimse tionscnamh lena n-áirítear tionscadail faoin Scéim Fuaime & Físe 3, an Scéim um Chartlannú, iniúchadh ar dheiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí comhpháirtíochta, urraíocht, tionsncaimh foghlama agus forbartha earnála atá deartha chun tacú le héagsúlacht níos mó sa Ghaeilge.

  In 2018, thacaigh an BAI le sraith tionscnamh ag a raibh téama Gaeilge, a raibh siad seo a leanas ina measc:

  - **Gradaim Chumarsáide Oireachtas na Gaeilge** – d'urraigh an BAI iad den chéad uair in 2018, agus tugtar aitheantas d'éachtaí agus do bharr feabhais sna meáin Ghaeilge agus ceiliúrtar iad sna gradaim bhliantúla sin. Bronntar duaiseanna faoi roinnt catagóirí, lena n-áirítear an tsraith teilifíse Gaeilge is fearr, an tsraith raidió nó clár raidió Gaeilge is fearr, an scannán teilifíse nó clár teilifíse Gaeilge is fearr;
  - **Seachtain na Gaeilge** – lean an BAI leis an urraíocht atá aige á déanamh le fada ar cheardlanna raidió Gaeilge do dhaltaí bunscoile agus meánscoile;
  - **Féile na Meán Ceilteach** – a chuireann na teangacha Ceilteacha agus a gcultúir chun cinn;
  - Sheol **Aerthonnta**, seirbhís faisnéise Gaeilge do chraoltóirí agus don phobal i gcoitinne araon, a láithreán gréasáin nua i mí an Mhárta 2018. Déantar é a riaradh trí Raidió na Life agus feidhmíonn sé mar lárphointe faisnéise d'aon rud a bhaineann leis an nGaeilge in earnáil craolacháin an raidió neamhspleách;

- Is é aidhm **Ghréasán na Meán**, Líonra Skillnet atá lonnaithe sa Spidéal, oiliúint a chur ar fáil sa Ghaeilge chun a chinntiú go mbeidh lucht saothair seasta ardoilte ar fáil do thionscal na meán, go háirithe san Iarthar. Le linn 2018, reáchtáil Gréasán na Meán sainchúrsaí ilcheamaraí do Stiúrthóirí Gaeilge.

Thug an Comhchoiste Oireachtais faoi deara in 2018 nár cuireadh an obair seo le chéile ina Plean Gníomhaíochta Gaeilge. Lean forbairt Plean Gníomhaíochta Gaeilge, a bhí le heisiúint go luath in 2019, as próiseas comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara Gaeilge.

Alt 2

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

Cuspóir Straitéiseach

1. An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

Torthaí faoin mBliain 2019

1. Feiceann na geallseabhóirí BAI mar ghlór faisnéiseach, údarásach a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán..

Tá dhá bhunsprioc inghnóthaithe laistigh de phlean oibre BAI a thacaíonn go príomha leis an gcuspóir straitéiseach seo a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimsí na bhFóram Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus réimse na Cumarsáide. Tugtar tuilleadh sonraí fúthu thíos.

Fóraim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Lean Údarás Craolacháin na hÉireann de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha in 2018 d'fhonn comhairle, agus bonn eolais a chur ar bheartas closamhairc na meán Eorpach agus náisiúnta, ar an dlí agus ar an gcleachtadh a bhaineann leis an gcéanna, agus tionchar a imirt ar an gcéanna, trí pháirt a ghlacadh go leanúnach i bhFóraim Éireannacha agus Idirnáisiúnta agus in imeachtaí do Pháirtithe Leasmhara.

- *Fóraim Náisiúnta*

  Ar leibhéal náisiúnta, chuaigh an BAI i dteagmháil leis an Aire agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE); agus le Comhchoistí iomchuí de chuid an Oireachtais ar nithe a bhaineann le rialáil agus leis na meáin chumarsáide i gcaitheamh 2018. Thug DCCAE cuireadh don BAI páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre a bhunaigh sé chun maoirseacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) athbhreithnithe a thabhairt isteach.

  Soláthraíonn an BAI roinnt tuarascálacha agus comhairlí reachtúla don Aire agus don DCCAE. In 2018, áiríodh orthu sin, i measc nithe eile, an t-athbhreithniú cúig bliana ar chistiú poiblí ar Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí, tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla an BAI, agus an t-athbhreithniú ar an Scéim um Chartlannú.

  Láithrigh an BAI os comhair na gComhchoistí Oireachtais ar an nGaeilge agus Leanaí i gcaitheamh na bliana maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Gaeilge molta agus maidir le Cód na bPáistí maidir le Cumarsáid Tráchtála a bhaineann le bianna ar mhórán méathrais, salainn agus siúcra. Tugadh faisnéisiú leis do chomhaltaí den Oireachtas mar gheall ar na treoirlínte nua i dtaobh reifreann.

  Ina theannta sin, lean an BAI de ról gníomhach a bheith aige in eagraíochtai náisiúnta, lena n-áirítear cónaidhm Chlosamhairc Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Coiste JNLR um lucht éisteachta; an Coiste Idir-rannach ar Phlean Gníomhaíochta Closamhairc an Rialtais; agus an Comhlacht Monatóireachta um Margaíocht agus Cumarsáid Alcóil (AMCMB) faoi choimirce na Roinne Sláinte. Rinne an tAire Sláinte, Síomón Ó hEarchaí, TD, Príomh-Fheidhmeannach BAI, Michael O'Keefe, a cheapadh mar Chathaoirleach an AMCMB i gcomhair tréimhse ceithre bliana i mí na Samhna 2018.

- *Fóraim Eorpacha*

  Leanann an BAI de ról mór a bheith aige in dhá chomhlacht rialála Eorpacha – EPRA, an tArdán Eorpach Údarás Rialála; agus ERGA, Grúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí Meán Closamhairc.

  Is líonra Eorpach de rialtóirí closamhairc ina bhfuil 53 bhall é an EPRA agus reáchtáladh dhá chruinniú den líonra i gcaitheamh na bliana. I measc na n-ábhar a pléadh bhí todhchaí ábhair seirbhíse poiblí agus leasa pobail san aois dhigiteach agus cumarsáid pholaitiúil agus na dúshláin a ghabhann leis na meáin shóisialta. Lean Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI, Celene Craig, uirthi ag feidhmiú mar Chathaoirleach EPRA in 2018 agus, sa cháil sin, tugadh cuireadh di labhairt ag sraith comhdhálacha idirnáisiúnta.

  Ina theannta sin, lean feidhmeannaigh an BAI de pháirt a ghlacadh i roinnt grúpaí oibre de chuid ERGA. Ionadaithe de chuid comhlachtaí rialála closamhairc 28 mballstát AE atá in ERGA, agus is é An Coimisiún Eorpach a bhunaigh ERGA agus cuireann sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le nithe a bhaineann le cur i ngníomh na Treorach athbhreithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD). I ndeireadh 2018, ghlac an BAI le cuireadh chun Cathaoirleacht a dhéanamh ar an nGrúpa Oibre um Iolarthacht sna Meáin ag ERGA in 2019. Ghlac an BAI páirt leis i ngrúpaí oibre a bhain le Todhchaí ERGA, le cur i ngníomh an AVMSD athbhreithnithe agus le hÉagsúlacht Inscne.

Cumarsáid

Tá páirt ríthábhachtach ag gníomhaíochtaí cumarsáide an BAI ó thaobh Straitéis BAI a bhaint amach as a hiomláine. Leanann Údarás Craolacháin na hÉireann le rannpháirtíocht agus comhairliúchán rialta agus réamhghníomhach le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna rialtais, rialálaithe eile agus comhlachtaí ionadaíocha.

- *Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara*

  Reáchtáladh roinnt comhairliúchán agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara in 2018. Ar na buaicphointí bhí siad seo a leanas:

- forbraíodh an Straitéis athbhreithnithe um Sheirbhísí Craolacháin a raibh rannpháirtíocht shuntasach inti le páirtithe leasmhara an BAI tríd an gcomhairliúchán poiblí agus ócáid spriocdhírithe do pháirtithe leasmhara a raibh baint ag raon leathan ionadaithe de chuid na hearnála craolacháin léi.
- seoladh Plean Gníomhaíochta Inscne an BAI go luath sa bhliain agus thug páirtithe leasmhara freagra an-dearfach air agus cuireadh an Plean chun cinn go gníomhach ag roinnt ócáidí poiblí, go háirithe ag seimineár ar Inscne in Ollscoil Luimnigh agus ag an bhfóram díospóireachta bliantúil i "Na Mná i Scannáin agus ar an Teilifís" ag Fleadh Scannán na Gaillimhe.
- reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí maidir le Beartas Úinéireachta agus Rialaithe an BAI agus Beartas an BAI maidir le hIolarthacht ar cuireadh tús leo i mí na Nollag 2018. I gcomhréir le sprioc an BAI rannpháirtíocht agus páirteachtas an phobail a spreagadh, leagadh an dá chomhairliúchán amach chun freagraí ar líne a éascú trí shuíomh gréasáin an BAI. In éineacht leis an seoladh bhí seisiúin faisnéise leis na meáin agus feachtas ar na meáin shóisialta.
- reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar na dréacht-Rialacha Rochtana athbhreithnithe. Rialaítear leis na rialacha sin an méid fotheidealaithe, an méid de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus an méid clostuairisce nach mór do chraoltóirí teilifíse Éireannacha a thairiscint don phobal. Áiríodh leis an bpróiseas cruinnithe ceardlainne chun tuairimí craoltóirí agus úsáideoirí seirbhíse rochtana araon a fháil.

Ócáid Chomhairliúcháin i dtaobh na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin

- *Taighde Nuachta Reuters a fhoilsiú*

  Mar chuid dá chuid oibre ar an iolarthacht sna meáin, mhaoinigh an BAI an t-eagrán Éireannach de Thuarascáil Nuachta Digití Institiúid Reuters, staidéar taighde bliantúil idirnáisiúnta. Is í an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuir an tuarascáil Éireannach le chéile agus seoladh í i mí an Mheithimh. Rinne an preas náisiúnta tuairisciú substainteach ar an seoladh agus ina theannta sin bhí rannpháirtíocht fhairsing ann ar ardáin meán sóisialta leithéidí Twitter agus Facebook.

- *Caidreamh leis na Meáin*

  San iomlán, d'fhoilsigh an BAI 42 phreaseisiúint ar láithreán gréasáin an BAI. I measc na ngníomhaíochtaí a luadh trí bhealaí meán in 2018 bhí foilsiú cinntí ar Ghearáin; Tuarascáil Bhliantúil an BAI; torthaí ráithiúla JNLR; Fógraí i dtaobh maoiniú faoi Fuaim agus Fís; agus na Treoirlínte maidir le Reifrinn agus Toghcháin. Chomh leis sin, chuir an Príomhfheidhmeannach go leor de na gníomhaíochtaí sin chun cinn tríd an raidió, tríd an teilifís agus in agallaimh le hiriseoirí a dhíríonn ar chúrsaí meán go speisialta. Gineadh gníomhaíocht shuntasach sa phreas i leith fhoilsiú mholtaí an BAI maidir le maoiniú, is rud a d'eascair as a athbhreithniú maoiniúcháin cúig bliana ar dhá chraoltóir seirbhíse poiblí na hÉireann, RTÉ agus TG4.

213
TWEET

5,165
LÍON LEANTÓIRÍ AR TWITTER (+ 662)

157
POSTÁIL FACEBOOK

1,932
LÍON 'IS MAITH LIOM' AR FACEBOOK (+ 155)

- *Urraíocht*

  Is uirlis chumarsáide thábhachtach í an urraíocht a chuireann ar chumas an BAI feasacht níos leithne ar chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a chothú agus cuidiú leis na cuspóirí sin. Trí urraíocht a thairiscint chun tacú le himeachtaí agus gníomhaíochtaí iomchuí, tá an BAI ag cuidiú le forbairt leanúnach an tionscail closamhairc in Éirinn. D'fhonn tacaíocht a fháil, iarrtar ar iarratasóirí a aithint cad é an cuspóir straitéiseach de chuid an BAI is dlúithe a bhfuil a ngníomhaíocht ag teacht leis agus a léiriú conas a chuirfidh an ghníomhaíocht le cur chun cinn an chuspóra sin.

  Leithdháileadh maoiniú €124,500 ar 16 imeacht agus gníomhaíocht faoi Scéim Urraíochta 2018 an BAI. I measc na bhfaighteoirí bhí Féile na Meán Ceilteach; Comhdháil Gnéchlár Idirnáisiúnta EuroRadio; Féile Scannán Beochana an Daingin; Seachtain na Gaeilge; agus Gradaim Náisiúnta Mheán na Mac Léinn.

- *Imeachtaí agus Comhdhálacha Tionscail*

  Ghlac comhaltaí d'Údarás agus d'Fheidhmeannacht an BAI páirt i raon imeachtaí agus comhdhálacha tionscail in 2018. Chomh maith le roinnt cur i láthair a thabhairt, ghlac comhaltaí den fhoireann páirt i bpainéil díospóireachta leis.

  I mí Feabhra, d'eagraigh an líonra *Women in Film and Television Ireland* máistir-rang *'How to Write a Killer Application'* le tacaíocht agus rannpháirtíocht an BAI. I mí Aibreáin, mar chuid d'ócáid *Spotlight* Institiúid Scannán na hÉireann, cuireadh Plean Gníomhaíochta Inscne an BAI i láthair. Ina dhiaidh sin, ghlac an BAI páirt san ócáid *'Meet the Funders'* ag *Women in Film and Television Northern Ireland* leis, is imeacht a reáchtáladh i mí na Bealtaine.

  Rinne an BAI, ar Lá na Léiritheoirí ag TG4 in 2018, faisnéis a chur ar fáil faoi dheiseanna maoiniúcháin atá ar fáil faoin Scéim Fuaime agus Físe. Pléadh deiseanna ón gciste ag an bhFéile Clár Faisnéise ag Institiúid Scannán na hÉireann i mí Mheán Fómhair leis mar chuid de phainéal *Screen Producers Ireland* ar *'Documentary Making in Ireland Today'*. Ina theannta sin, bhí an BAI páirteach sa phainéal *'Let Me Entertain You'* leis i mí na Samhna ag Cruinniú Mullaigh Teilifíse FÍS sa *Galway Film Centre*.

  I gcaitheamh na bliana d'fhreastail an BAI ar Ghradaim Raidió Pobail CRAOL i mBaile Átha Luain leis agus ar sheoladh na Tuarascála Teilifíse Pobail i gCorcaigh. I mí na Samhna, ag Cruinniú

Taispeáint Phoiblí an scannáin The Silver Branch in Inis Díomáin, Co. an Chláir, An Oíche Chultúir: Ceist á cur ag duine óg den lucht féachana.

Mullaigh MediaCon i mBaile Átha Cliath, d'fhógair an BAI, i gcomhar le baill chuartaíochta de chuid an *Canada Media Fund*, babhta nua de Dhreasacht Chomhfhorbartha Cheanada-na hÉireann.

- *Cur ar Scáileán don Phobal*

In 2018, thacaigh an BAI le roinnt taispeáintí poiblí de chláir atá maoinithe ag Fuaim & Fís 3 ar fud na hÉireann. Ina measc sin bhí fáiltiú agus taispeáint speisialta de Mhurdair Mhám Trasna i nGaillimh ar fhreastail an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn uirthi.

I gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh, reáchtáladh Séasúr Scannán Faisnéise Éireannach speisialta le tacaíocht ón BAI agus ón IFI i dTeach Chill Airne, Co. Chiarraí. I measc na dtaispeáintí bhí roinnt tionscadal a bhí maoinithe ag an BAI ar nós "Men at Lunch", "Ireland's Oceans", "Poc na nGael"," The Irish Grand National"'agus "John Ford: Dreaming the Quiet Man".

Ar an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair, d'eagraigh an BAI taispeáint de "The Silver Branch" in Inis Díomáin i gCo. an Chláir, agus ina dhiaidh sin bhí seisiún ceisteanna agus freagraí.

- *Halla na Laoch Ghradaim Raidió IMRO*

D'óstáil an BAI searmanas i mí Mheán Fómhair chun fáilte a chur roimh cheathrar ionduchtaithe nua go dtí Halla na Laoch Ghradaim Raidió IMRO. Tugtar aitheantas i Halla na Laoch dóibh seo a bhfuil cion oibre suntasach fiúntach déanta acu ar mhaithe leis an raidió in Éirinn.

Ba iad Ian Wilson de chuid RTÉ, Willie O'Reilly de chuid iRadio, Margaret Nelson de chuid FM104 agus Pat Kenny de chuid Newstalk na hionduchtaithe in 2018.

Ionduchtaithe Halla na Laoch IMRO do 2018: Ian Wilson, Willie O'Reilly, Margaret Nelson agus Pat Kenny

- *Faisnéis a Sholáthar*

  Tá suíomh gréasáin an BAI ríthábhachtach chun cumarsáid a éascú idir an BAI agus a chuid páirtithe leasmhara. I dteannta comhairliúchán agus eisiúintí sna meáin a luadh thuas, bíonn an BAI réamhghníomhach maidir le faisnéis ar a ghníomhaíochtaí gnó a chur ar fáil ar líne. I rith 2018, foilsíodh Miontuairiscí ar chruinnithe an Údaráis agus tuarascálacha airgeadais ar shuíomh gréasáin an BAI, mar aon le raon leathan faisnéise agus sonraí lasmuigh de shainchúram an phróisis saorála faisnéise.

  Fuair an BAI 25 iarraidh Saorála Faisnéise (FOI) in 2018, is ionann agus ceithre cinn de laghdú i gcomparáid le 2017. Cuireadh faisnéis ar fáil do 17 n-iarrthóir de na hiarrthóirí pé acu go hiomlán, go páirteach, nó bhí na sonraí ar fáil cheana féin don phobal agus soláthraíodh don iarratasóir iad lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise. Tharraing seisear de na hiarrthóirí a n-iarrataí siar agus diúltaíodh dhá iarraidh ar fhaisnéis. Iriseoirí a chuir isteach an chuid ba mhó de na hiarrataí a fuarthas agus lorgaíodh faisnéis ar thopaicí ar nós gearáin chraolacháin, treoirlínte toghcháin agus reifrinn, craoltóireacht trí Ghaeilge, comhlíonadh ag craoltóirí agus na pléití a rinne Údarás an BAI agus a chuid Coistí reachtúla.

Alt 3

LUCHT FÉACHANA AGUS LUCHT ÉISTEACHTA A CHUMHACHTÚ

Cuspóir Straitéiseach

1. Tuiscint, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i dtírdhreach éabhlóideach na meán a fhorbairt

Torthaí faoi 2019

1. Bíonn lucht féachana/éisteachta in Éirinn níos nasctha, agus níos rannpháirtí leis an lábhar closamhairc.
2. Tacaítear leis na luchtanna féachana/éisteacha in Éirinn chun tuiscint níos mó a fhorbairt ar tháirgeadh agus leithdháileadh an ábhair chlosamhairc, agus chun bheith rannpháirteach ann.

Tá trí cinn de bhunspriocanna inghnóthaithe sa phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Cóid, Rialacha agus Gearáin; Litearthacht sna Meáin agus Rannpháirtíocht sna Meáin. Tá breis eolais orthu sin thíos faoi seo.

Cóid, Rialacha agus Gearáin

Úsáidtear cóid agus rialacha craolacháin an BAI agus próiseas gearán craolacháin an BAI i dteannta a chéile chun tacú leis an lucht féachana / éisteachta taitneamh a bhaint as ábhar closamhairc, é a thuiscint agus idirghníomhaíocht a dhéanamh leis.

- *Rialacha Rochtana – Athmheas bunaithe ar Athbhreithniú Reachtúil*

  Leagtar síos le Rialacha Rochtana BAI ceanglais chainníochtúla agus cháilíochtúla i leith fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a sholáthar a gceanglaítear ar chraoltóirí iad a chomhlíonadh.

  Rinne an BAI comhairliúchán in 2018 i dtaobh athbhreithnithe ar na Rialacha agus é bunaithe ar an Athbhreithniú Reachtúil ar na Rialacha Rochtana in 2017. Sa chomhairliúchán sin, baineadh leas as fionnachtana an athbhreithnithe agus bhí páirtithe leasmhara ríthábhachtacha, ar nós grúpaí úsáideoirí agus craoltóirí, páirteach ann. Rinneadh iarracht sna Rialacha athbhreithne a tháinig as an bpróiseas sin, agus atá le foilsiú i mi Eanáir 2019, cothromaíocht a dhéanamh idir cearta na ngrúpaí úsáideoirí agus cuid de na srianta a bhíonn ar chraoltóirí le linn dóibh na seirbhísí rochtana a sheachadadh.

  Lean Grúpa Comhairleach Úsáideoirí na Rialacha Rochtana de bheith ag teacht le chéile i gcaitheamh na bliana chun faisnéis a fháil agus chun a n-ábhar imní féin a chur in iúl maidir le conas mar a dhéileálann craoltóirí lena gcuid leasanna.

- *Treoirlínte Toghcháin agus Reifrinn*

  Cuirtear treoir agus comhairle ar fáil do chraoltóirí i dTreoirlínte Toghcháin agus Reifrinn an BAI i dtaobh conas is féidir cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach ina dtuairisciú ar fheachtais toghcháin. Rinneadh athbhreithniú ar na treoirlínte seo i gcaitheamh 2018. Leagadh béim níos mó sna treoirlínte nua ar na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid na meán sóisialta i dtuairisciú toghchán agus reifreann. Chuir gach páirtí leasmhar fáilte roimhe sin i bhfianaise an fháis ar úsáid / mhí-úsáid na meán sóisialta sa réimse seo.

  Chuir an BAI na Treoirlínte Toghcháin agus Reifrinn chun cinn go gníomhach sna meáin chraolta agus sna meáin chlóite araon agus béim faoi leith ar na treoirlínte maidir leis na meáin shóisialta. Reáchtáladh ceardlanna le craoltóirí leis, rud a chuir feabhas ar a éifeachtaí a chuirtear na cóid i ngníomh.

- *Gearáin*

  Is sásra ríthábhachtach é próiseas gearáin chraolacháin an BAI don lucht féachana agus éisteachta chun gearán a thaisceadh nuair nach bhfuil siad sásta le hábhar craolacháin, pé acu maidir le cláir, fógraíocht nó urraíocht. Glacadh le 73 ghearán isteach sa phróiseas gearán le linn 2018, agus bhreithnigh an Coiste um Chomhlíonadh 30 ceann acu sin agus rinne an Fóram Gearán Feidhmiúcháin breithniú ar 30 ceann eile. Réitíodh seacht ngearán tríd an ngearánaí a bheith sásta leis an bhfreagra a chuir an craoltóir isteach, measadh go raibh aon ghearán amháin neamhbhailí agus bhíothas ag déileáil fós le cúig ghearán i ndeireadh 2018.

  I ndeireadh 2018 díríodh ar chóras ar líne a fhorbairt chun gearáin a chur isteach ar cuspóir dó eispéireas an úsáideora a fheabhsú don phobal, do chraoltóirí agus do pháirtithe eile i ngearáin. Forbraíodh an córas faoi dheireadh na bliana agus seolfar é go poiblí i gcaitheamh 2019.

An Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin: Áine Kerr, Neva Labs, ag labhairt ag an Ócáid um Litearthacht sa Nuacht a tionóladh i Músaem Beag Bhaile Átha Cliath

Catagóir Gearáin	Iomlán na nGearán
An Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha	45
An Cód Ginearálta um Chumarsáidí Tráchtála	4
An Cód Cumarsáide Tráchtála maidir le Leanaí	4
An Cód um Chaighdeáin Clár	20

CINNEADH I DTAOBH GEARÁIN	Iomlán na nGearán
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh go páirteach leis	2
Dhiúltaigh an Coiste um Chomhlíonadh é	28
Dhiúltaigh an Fóram Gearán Feidhmiúcháin é	30

Litearthacht sna Meáin

Is é an aidhm atá ag an mBeartas um Litearthacht sna Meáin ag BAI tuiscint, rannpháirtíocht agus páirteachas an phobail i dtírdhreach athraitheach na meán a fhorbairt. In 2018 rinne an BAI obair shuntasach sa réimse seo chun forbairt an líonra ilpháirtithe leasmhara An Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin (MLI) a chur chun cinn, trí chuidiú le himeachtaí eagraithe, agus trí leanúint de bheith ag déanamh ionadaíochta do thaithí rialála na hÉireann i dtaca le litearthacht sna meáin i bhfóraim agus i gcomhdhálacha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Ag tógáil ar bhunú MLI in 2017 dó, d'oibrigh an BAI chun tacaíocht trasearnála a chothú don líonra agus do chomhoibriú i measc réimse comhaltaí; lena n-áirítear craoltóirí, ardáin ar líne, agus ionadaithe de chuid an tsaoil acadúil, de chuid eagraíochtaí cathartha, deonacha agus pobail. Agus é ag iarraidh láithreacht MLI ar líne, agus bunachar eolais 'téigh chuige' um litearthacht sna meáin, a fhorbairt, choimisiúnaigh an BAI leis láithreán gréasáin a dhearadh i mí na Samhna 2018. Ina theannta sin, bhí páirt shuntasach ag an BAI i bpleanáil na nithe seo a leanas:

- *Imeachtaí de chuid an líonra*

  'Saoránacht Dhigiteach a Fhorbairt: Gluaiseacht Shóisialta a Chruthú chun Smaointeoireacht Chriticiúil a Chothú'
  Tionóladh an ócáid seo i mí Feabhra 2018, agus tugadh deis inti do na baill plé a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le feachtas agus tionscnaimh a reáchtáil chun smaointeoireacht chriticiúil a chothú.

  Litearthacht Nuachta sa Ré Dhigiteach
  Tionóladh an ócáid seo i mí Lúil 2018, agus cuireadh ar chumas na bpáirtithe leasmhara inti cíoradh mion a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le litearthacht nuachta leithéidí mífhaisnéise, muinín sa nuacht, agus trédhearcacht na nuachta chun cabhrú le daoine roghanna eolasacha a dhéanamh.

  Comhdháil Bhliantúil MLI
  Bhí baint ghníomhach ag an BAI leis le pleanáil agus comhordú chomhdháil bhliantúil tosaigh MLI i mí na Samhna 2018. Tugadh deis do pháirtithe leasmhara sa chomhdháil ar theacht le chéile agus éisteacht le raon cainteoirí ar thopaicí agus tionscnaimh a bhaineann leis an earnáil agus bhí díospóireacht phainéil ar áireamh inti i dtaobh feachtais um litearthacht sna meáin ó thaobh dearcadh Eorpach de, mar aon le mír dar theideal 'Cuir do Thionscadal Chun Cinn'.

- *Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta*

  Ghlac an BAI páirt ar leithligh sa Ghrúpa Saineolaithe um Litearthacht sna Meáin ag an gCoimisiún Eorpach. Bailíonnn ionadaithe as na 28 mBallstát, as an saol acadúil, as an earnáil closamhairc agus as réimsí ábhartha eile le chéile sa ghrúpa, agus déanann an grúpa iarracht dea-chleachtas a leathnú sa réimse, tacú le tionscnaimh agus líonrú a éascú. Ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Nollag, chuir an BAI taithí na hÉireann i láthair maidir le forbairt beartais agus bunú an líonra.

An Lá Raidió Pobail 2018: Eoghan Holland, Paula Healy, Michael Glynn agus Billy Stewart, Flirt FM

Clár Edward R. Murrow d'Iriseoirí: Tomhaltóirí Meán Géarchúiseacha a Chur Chun Cinn
Tugadh cuireadh don BAI páirt a ghlacadh sa Chlár Ceannaireachta Cuairteoirí Idirnáisiúnta a bhí urraithe ag Roinn Stáit na Stát Aontaithe. Áiríodh ar an gclár 18 n-ionadaí ó áiteanna ar fud na hEorpa a d'fhreastail ar an gclár 2 sheachtain seo inar díríodh ar cheisteanna a bhain le litearthacht sna meáin, tuairisciú ar thoghcháin, agus eagraíochtaí a sheachadann litearthacht sna meáin ag an leibhéal áitiúil d'fhonn oideachas a chur ar aosaigh óga agus ar dhéagóirí faoi mhéid mór na meán ina saol agus an tionchar atá acu orthu. Ina theannta sin, thacaigh an clár le saoránaigh a chumhachtú ar mhodh smaointeoireacht chriticiúil trí oideachas sna meáin.

Rannpháirtíocht sna Meáin

Tá gealltanas tugtha ag an BAI go ndéanfaidh siad scrúdú ar roinnt sásraí chun breis daoine den phobal a spreagadh le páirt a ghlacadh sna meáin chraolta, go háirithe i leith seirbhísí meán pobail.

Is gné lárnach den earnáil meán pobail í an rannpháirtíocht, ach is léir le roinnt blianta anuas, go háirithe ó chuaigh an BAI trí na próisis athcheadúnúcháin pobail, go bhfuil gá le rannpháirtithe nua i dteannta na ndaoine fíorthiomanta a bhfuil baint acu leis an earnáil ó céadbhunaíodh í. Chomh maith leis sin, tá an earnáil pobail ag streachailt le roinnt blianta anuas le ceisteanna a bhaineann le rialachas agus maoiniú, agus bhí tionchar diúltach ag ceist an mhaoinithe ar a n-inbhuanaitheacht.

Bunaíodh grúpa faoi choimirce an BAI inar tugadh ionadaithe raidió agus teilifíse pobail le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar na nithe sin a bhaineann le rannpháirtíocht ina n-earnálacha faoi seach. Bhuail an grúpa seo le chéile go rialta i rith na bliana agus iad ag smaoineamh ar phleananna don earnáil (féach ar Alt 4 faoin téama Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú). I ndeireadh na bliana bhí tuarascáil ar an gceist agus moltaí inti á hullmhú lena cur faoi bhráid an Údaráis i dtús 2019

Ar leithligh uaidh sin, ghlac gach stáisiún raidió pobail páirt i Lá Rannpháirtíochta Raidió Pobail i Meitheamh 2018 a fuair tacaíocht ón BAI agus a ndearnadh poibliú air go forleathan ar fud gach limistéir saincheadúnais raidió pobail.

Alt 4

An Nuálaíocht agus an Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú



Cuspóir Straitéiseach

1. An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann
2. Aird mhéadaithe ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaiocht ar fud gach gníomhaíocht den BAI a chinntiú.
3. Saothrú le geallsealbhóirí chun tacú le gnóthú inbhuanaitheachta níos mó d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Torthaí faoi 2019

1. Gur comharthaí sóirt aitheanta de chuid earnáil closamhairc na hÉireann agus gníomhaíochtaí ag BAI iad an chruthaitheacht agus an nuálaíocht
2. Go bhforbrófar samhlacha inbhuanaithe maoiniúcháin i gcomhair earnáil closamhairc na hÉireann

Tá dhá bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin réimsí na cruthaitheachta agus na nuálaíochta agus samhlacha maoiniúcháin earnála inbhuanaithe.

An Chruthaitheacht agus an Nuálaíocht

Baineann an sprioc inghnóthaithe seo leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn, agus tacú leo, in earnáil closamhairc na hÉireann agus ar fud ghníomhaíochtaí uile an BAI. In 2018, chuimsigh sé sin raon leathan de thionscnaimh foghlama agus forbartha earnála a chur i ngníomh, comhoibriú ar straitéis chun scileanna a fhorbairt i gcomhair an tionscail closamhairc in Éirinn agus comhpháirtíocht a bhunú le hearnálacha an raidió tráchtála agus an raidió pobail chun forbairt scéime cartlainne a chur chun cinn faoi Alt 69 den Acht.

- *Foghlaim agus Forbairt Earnála*

  Soláthraíonn an BAI tacaíocht don tionscal ar shlite éagsúla ar a n-áirítear gréasáin tionscail a mhaoiniú, comhordú a dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta leithéidí scéimeanna tacaíochta do chraoltóirí pobail agus tacú le tionscnaimh nua oiliúna agus foghlama i gcomhar le saineolaithe san earnáil. Is sampla iad seo a leanas de na gréasáin agus de na tionscnaimh a maoiníodh i gcaitheamh na bliana:

Cistiú Gréasán

Cuidíonn an cistiú a leithroinntear ar ghréasáin tionscail le comhoibriú agus le cruthú comhpháirtíochtaí stratéiseacha a chur chun cinn i gcomhair cur chuige inbhuanaithe i leith foghlama agus forbartha san earnáil. Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, díríodh i ngníomhaíochtaí ar chúrsaí agus ceardlanna oiliúna a sheachadadh, searmanais gradam, seimineáir agus comhdhálacha a chur i láthair, taighde a dhéanamh, cláir mheantóireachta a rith agus piarthacaíocht agus imeachtaí líonrúcháin a sholáthar. In 2018, dámhadh €326,100 san iomlán do 12 ghréasán a fhónann do raon ilghnéitheach de leasanna earnála, lena n-áirítear craoltóirí pobail agus tráchtála, léiritheoirí neamhspleácha agus cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha, iriseoirí, léiritheoirí, beochantóirí agus pléadálaithe ar son comhionannas inscne. Roinnt samplaí den chéanna is ea iad seo a leanas:

- Is é **CRAOL** (Fóram Raidió Pobail) an líonra don earnáil raidió pobail agus don earnáil raidió pobail sainleasa in Éirinn. In 2018, thacaigh an BAI le Féile, imeacht oiliúna bliantúil CRAOL, agus le raon gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear feachtas náisiúnta a sheoladh, dar teideal Pobal/Labhair, ar cuspóir dó méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht sa chraoltóireacht phobail ar fud na tire.
- Is mórsholáthraí oiliúna é don earnáil raidió tráchtála neamhspleách é **Learning Waves Skillnet** agus faigheann sé maoiniú páirteach ón BAI.
- Chuir an gréasán comhpháirtíochta **Animation Skillnet/Animation Ireland** raon leathan oiliúna ar fáil do thionscal na beochana le tacaíocht ó chistiú an BAI in 2018.
- Rinne **Community Television Association (CTA)**, le tacaíocht ón BAI, roinnt ceardlann oiliúna agus máistir-ranganna a sheachadadh i gcaitheamh 2018 lena n-áirítear ceardlann eagarthóireachta.
- Lean **Women on Air** de bheith ag seachadadh oiliúna trína chlár oiliúna meantóireachta sna meáin New Voices. Fuair 13 shaineolaí mná breise oiliúint i gcaitheamh 2018, lena n-áirítear polaiteoirí agus iriseoirí mar aon le hionadaithe de chuid an phobail éagumais an Lucht Siúil.
- Le tacaíocht ó chistiú an BAI, d'oibrigh **Creative Europe Desk Ireland – Media Office** i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann (IFI) chun an Gradam don Lucht Éisteachta agus Féachana Óg ag Acadamh na Scannán Eorpach (EFA) a óstáil i mí na Bealtaine 2018.

- *Tacú le Riachtanais Forbartha Tionscail*

  I ndiaidh an dara cur amach den tionscnamh *Big Stories on the Small Screen* a sheoladh i mí na Samhna 2017, thionóil *Big Stories 2* imeacht seachtaine i mí na Bealtaine 2018 arbh éard é ceardlann tionscadal-bhunaithe ar Scéalaíocht a Fhorbairt. Sa chéad chéim eile den tionscadal, rinne rannpháirtithe na ceardlainne script scannáin phíolótach sheachadadh ar a dteagascóirí, fuair siad aiseolas ar an gcéanna, agus ansin tugadh deis dóibh ar a ndráma fadfhoirme pacáistithe a phitseáil do léiritheoirí agus d'fheidhmeannaigh forbartha Éireannacha ar tugadh cuireadh dóibh chun an imeachta.

- *An Scéim Tacaíochta Craolacháin Pobail*

  I mí Lúnasa 2018, rinne an BAI athbhreithniú ar a Scéim Tacaíochta Craolacháin Pobail (CBSS) trína maoinítear forbairt eagraíochtúil stáisiún agus trína dtacaítear leis an earnáil pobail agus pobail sainleasa agus trína bhforbraítear í i gcoitinne laistigh de stáisiúin. Bhí ar áireamh san athbhreithniú an CBSS a athrú go scéim rollach, chun cabhrú le craoltóirí pobail aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Bronnadh deontas € 4,600 ar *Community Radio Kilkenny City* mar chuid de scéim 2018 i gcomhair suirbhé ar na seirbhísí a sholáthraíonn an stáisiún dá bpobal áitiúil.

- *An Scéim Cistiúcháin um Thaighde ar na Meáine*

  Thacaigh an BAI le seoladh comhthuarascála taighde a d'fhoilsigh Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (IT Cheatharlach) agus COBÁC i mí na Nollag 2018. Díríodh sa tuarascáil, dar teideal *'Broadcasting Irish Emigration in an era of Global Mobility'*, ar thábhacht na meán craolta do dhaoine den diaspóra Éireannach.

- *Forbairt na Scéime um Chartlannú (Alt 69)*

  Ba é bunú grúpa oibre idir an BAI agus conraitheoirí raidió tráchtála agus pobail, agus é d'aidhm aige na ceanglais maidir le Cartlannú faoi Alt 69 den Acht a chur i ngníomh, an phríomh-chomhpháirtíocht a bunaíodh faoin gcuspóir chun tacú le cruthaitheacht agus le nuálaíocht in earnáil closamhairc na hÉireann. Is píosa casta gníomhaíochta é seo a bhfuil an BAI ag tacú léi agus beidh buntáiste mór ag craoltóirí agus ag an bpobal i bhfad na haimsire de thoradh córas nua a sheachadadh chun ábhar a chartlannú i gcomhair na n-earnálacha sin sa todhchaí.

Samhlacha Maoiniúcháin Earnála Inbhuanaithe

- *Earnáil an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí*

  Ciallaíonn craolachán seirbhíse poiblí seirbhísí Teilifíse agus Raidió a chraoltar ar mhaithe le leas an phobail, seachas ar mhaithe le cuspóirí tráchtála amháin, faoi shainchúram sainithe. Déantar athbhreithniú cuimsitheach ar mhaoiniú craoltóirí seirbhíse poiblí (PSBanna) gach cúig bliana chun leordhóthanacht an mhaoinithe a shuíomh chun go gcomhlíonfaidh RTÉ agus TG4 a chuspóirí seirbhíse poiblí. Ceanglaítear le hAcht 2009 an t-athbhreithniú fairsing seo a dhéanamh agus, as sin, cuirtear tuarascáil agus moltaí faoi bhráid an Rialtais.

- *Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí 2018*

  Chríochnaigh an BAI an píosa mór oibre seo go luath in 2018. Ceapadh Communications Chambers, sainchomhairleoirí, chun an t-athbhreithniú a ullmhú don tréimhse 2018 go 2022. I measc na bpríomhghnéithe sa phróiseas bhí na ceanglais go gcuirfeadh na PSBanna pleananna straitéiseacha mionsonraithe, costáilte ar fáil don tréimhse, pleananna a bheadh ag teacht lena gcuspóirí seirbhíse poiblí agus lena sainchúram reachtúil.

  Tar éis dó tuarascáil na sainchomhairleoirí a bhreithniú, chuir an tÚdarás a thátail agus a mholtaí féin faoi bhráid an Aire mar a leanas:

- Tá sraith an-difriúil de dhúshláin chriticiúla agus phráinneacha le sárú ag an gcraolachán seirbhíse poiblí agus ag craoltóirí seirbhíse poiblí anois. Mar bharr ar an easpa maoinithe leordhóthanaigh, tá an lucht féachana agus éisteachta scoilte, tá seirbhísí digiteacha agus neamhlíneacha ag fás agus tá imreoirí Físe Ar-Éileamh (VOD) agus VOD faoi Shíntiús idirnáisiúnta ag iomadú.
- Níl an staid reatha maoiniúcháin inbhuanaithe agus tá gá le gníomh práinneach.
- Ba cheart go bhfaigheadh RTÉ méadú €30m ar a mhaoiniú poiblí gach bliain le héifeacht láithreach, ar an mbonn go gcomhlíonann an craoltóir critéir áirithe ar de chineál straitéiseach iad agus a bhfuil lucht féachana agus éisteachta i gcroílár a mbreithnithe.
- Ba chóir go bhfaigheadh TG4 méadú €6m in aghaidh na bliana ar mhaoiniú poiblí os cionn an tsoláthair maoinithe phoiblí do TG4 in 2017.

Rinneadh cás láidir maidir leis an ngá le maoiniú breise chun tacú le hinbhuanaitheacht na PSBanna. Cé nár thug an Rialtas freagra foirmiúil ar an tuarascáil go fóill, is amhlaidh, de bhun tuarascáil an BAI a chur isteach, a tugadh € 8.5m de mhaoiniú breise do RTÉ i mBuiséad 2019 - an méadú is mó ar a maoiniú poiblí le tamall anuas.

- *Seirbhísí Nua - PSBanna*

  I gcomhréir leis an Acht, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an Údarás anailís tionchair earnála a dhéanamh i dtaobh ceachtar de na PSBanna a sheoladh seirbhísí nua. Maidir leis sin de, rinne an tÚdarás breithniú ar thuarascáil a d'ullmhaigh Communications Chambers, sainchomhairleoirí, ina ndearnadh measúnú ar thogra a rinne RTÉ chun na huaireanta craolta de chuid RTÉ One +1 a fhadú agus chun seirbhís + 1 a bhunú do RTÉ2. Bhí an tÚdarás sásta nach raibh aon chúiseanna láidre le toiliú a choinneáil siar do na tograí arna leagan amach i leith na seirbhísí a moladh agus thug an tAire ceadú do na seirbhísí nua, trínar thacaigh sé le moltaí an Údaráis.

- *An Earnáil Teilifíse*

  In 2018, chuir an BAI, i gcomhpháirtíocht le *Ofcom NI*, tús le hationól an Ghrúpa TBIG (Grúpa Craoltóirí Teilifíse na hÉireann). Bhuail ionadaithe na bpríomhchraoltóirí teilifíse Seirbhíse Poiblí agus tráchtála in Oileán na hÉireann le chéile sa BAI chun raon saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil a phlé agus tá comhoibriú breise beartaithe i gcomhair 2019.

- *An Earnáil Raidió Tráchtála*

  Chuaigh an BAI i dteagmháil le hearnáil raidió na hÉireann chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh sé tacú le tionscnaimh chun an raidió a chur chun cinn mar mheán agus inbhuanaitheacht na hearnála sin a fheabhsú go ginearálta. Pléadh príomhdhúshláin ar nós easpa tuarascála rianaithe lucht éisteachta tras-ardáin bunaithe agus easpa figiúirí ioncaim aontaithe raidió. Tá tionscnaimh lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin á n-iniúchadh ag an BAI leis an earnáil seo.

- *Earnáil na Meán Pobail*

  I gcomhthráth leis an rannpháirtíocht a luadh cheana i ngníomhaíochtaí sna meáin (faoin téama Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú) in 2018 reáchtáil an BAI agus ionadaithe de chuid Earnáil na Meán Pobail roinnt seisiún ceardlainne chun saincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht san earnáil a phlé. Dhírigh na ceardlanna sin isteach ar cheadúnú, rialachas agus saincheisteanna maoiniúcháin, chomh maith le méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht san earnáil agus ar fhorbairt comhpháirtíochtaí, ar nós na gcomhpháirtíochtaí a bhaineann le cur i ngníomh bheartas cartlannúcháin an BAI faoi Alt 69 den Acht. Ba é an chríóch a bhí ar an meitheal oibre gur cuireadh roinnt moltaí ar aghaidh, agus cuirfidh an BAI agus an earnáil cuid acu i bhfeidhm ar feadh 2019/2020.

Alt 5

An Feabhas agus an Chuntasacht a Ghnóthú



Cuspóirí Straitéiseacha

1. Rialachán chun earnáil craolacháin fhreagrach agus chuntasach a ghnóthú
2. Ceannaireacht a léiriú san fhorbairt inbhuanaithe ach caighdeáin arda sa cleachtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn
3. Comhshaol nuálaíoch oibre a chur chun cinn lena n-inspreagtar, lena dtugtar dúshlán agus lena bhforbraítear an BAI.

Torthaí faoi 2019

1. Gur rialálaí é an BAI a bhfuil muinín ag gach páirtí leasmhar as
2. Go bhfuil BAI agus an earnáil craolacháin aitheanta mar eiseamláirí dea-rialachais agus freagrachta corparáidí
3. Go bhfuil cultúr ceannaireachta agus feidhmíochta ag BAI

Tá trí cinn de bhunspriocanna inghnóthaithe sa phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Comhlíonadh; Cleachtas Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais agus Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúla. Tá breis eolais orthu sin le fáil thíos faoi seo.

Comhlíonadh

In 2018, leagadh béim ar phlean gníomhaíochta um chomhlíonadh a fhorbairt a thacódh le cleachtais láidre um chomhlíonadh agus rialachas ag gach craoltóir ceadúnaithe agus gach conraitheoir maoiniúcháin. Tá trí eilimint san áireamh sa réimse sin – (1) tuairisciú reachtúil, (2) faireachán agus forfheidhmiú agus (3) athbhreithnithe ar fheidhmíocht. Cuirtear cuid mhór den obair a eascraíonn faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh ach breithníonn an tÚdarás leis cuid di.

1. Tuairisciú Reachtúil

Chuimsigh ár gcuid oibre sa réimse seo in 2018 breithniú ar na ráitis bhliantúla i dtaobh gealltanais feidhmíochta ó na craoltóirí seirbhíse poiblí; na hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht agus ar mhaoiniú poiblí craoltóirí seirbhíse poiblí; tuarascáil ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana; tuarascáil ar chomhlíonadh chóid chraolacháin BAI ag craoltóirí neamh-Éireannacha agus tuarascáil ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le saothair Eorpacha san AVMSD ag craoltóirí teilifíse atá ceadúnaithe in Éirinn.

- *Craoltóirí Seirbhíse Poiblí*

  Gach bliain, téann RTÉ agus TG4 i gcomhairle leis an BAI i dtaobh an Ráitis Bhliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta (ASPCanna) acu. Tugtar breac-chuntas sna ráitis sin ar ghealltanais feidhmíochta ardleibhéil don bhliain atá le teacht i gcomhréir lena straitéisí eagrúcháin cúig bliana. Tugtar aird ina ngealltanais ar réimsí ar nós: an tslí ar a bhfreastalófar ar lucht féachana agus éisteachta; an cineál ábhair a bhfuil siad tiomanta dó; an fheidhmíocht airgeadais ionchasach a bheidh acu agus an tslí a n-úsáidfear maoiniú poiblí; leibhéal agus cineál an ábhair Gaeilge atá molta; agus an oiread atá muinín ag an lucht féachana agus éisteachta astu.

  Gach bliain, déanann an BAI Athbhreithniú Feidhmíochta leis ar gach craoltóir seirbhíse poiblí, ina ndéantar measúnú ar a bhfeidhmíocht os coinne a ngealltanas don tréimhse roimhe sin. Déantar athbhreithniú ann ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí a chuirtear ar fáil do na craoltóirí chun a chur ar a gcumas a gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus déantar Moltaí maidir le Maoiniú don Aire ann, i dtaobh coigeartuithe (más ann dóibh) ar leibhéal an mhaoinithe phoiblí ba chóir dóibh a fháil. Tugtar sna hASPCanna, agus ina bhfeidhmíocht os coinne a ngealltanas ón mbliain roimhe sin, an bonn leis an athbhreithniú sin mar aon le tuarascáil a sholáthraíonn gach craoltóir.

- **Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2018**

  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag RTÉ amach don bhliain 2018 agus bhí sé sásta go raibh siad de leibhéal a bhí ard a dhóthain agus go raibh fócas a bhí straitéiseach a dhóthain leo agus go raibh siad ar aon dul le cuspóirí an Phlean Straitéisigh reatha ag RTÉ. Measadh ina theannta sin go raibh na gealltanais dóthanch go leor le go n-éascódh siad measúnacht a dhéanamh sa todhchaí ar fheidhmíocht an chraoltóra i gcomh-ard leis na cuspóirí a ceapadh.

- **Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2018**

  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag TG4 amach i gcomhair 2018. Bunaithe ar cheann de na moltaí a tháinig as an Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí a rinneadh in 2016, d'fháiltigh

an BAI nach raibh na gealltanais atá leagtha amach in ASPC 2018 chomh saintreorach céanna leis na gealltanais sna blianta roimhe sin agus go raibh siad níos straitéisí ó thaobh cineáil de, rud a bhí ag teacht le cineál ardleibhéil na gcuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Cúig Bliana TG4 2018-2022. Ina theannta sin, bhí ASPC TG4 do 2018 ar comhréir le straitéis eagraíochtúil an chraoltóra agus bhí tagairtí ann do bhearta ar nós rannpháirtíocht le lucht féachana agus éisteachta óga.

- **Athbhreithniú ar Fheidhmíocht agus Leordhóthanacht Maoinithe Phoiblí do RTÉ agus do TG4: 2017**

  In 2018, rinne an BAI athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 os coinne a ngealltanas agus rinne breithniú ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí a bhí ar fáil don dá chraoltóir seirbhíse poiblí chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Forbraíodh creat straitéiseach, a bhí dírithe ar an lucht féachana, go dtí céim phíolótach in athbhreithniú 2017, chun cabhrú leis na craoltóirí seirbhíse poiblí ina gcuid próiseas cinnteoireachta. Tugtar Toradh Lucht Féachana ar an gcreat seo, is moladh a thagann as an Athbhreithniú Cúig Bliana, agus tugadh leibhéal léargais shuntasaigh breise ann ar an tslí a bhfreastalaíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí ar a lucht éisteachta. Críochnaíodh an t-athbhreithniú seo le tacaíocht ó na sainchomhairleoirí, Communications Chambers. D'fhormhuinigh an tÚdarás na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil mar seo a leanas:

- Bhí an tÚdarás sásta gur chomhlíon RTÉ agus TG4 araon a ngealltanais feidhmíochta i leith 2017.

- D'aontaigh an tÚdarás nach raibh aon athruithe ábhartha ar an seasamh a sonraíodh in Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí an BAI i leith RTÉ agus TG4 araon. Dá réir sin, moladh méadú maoinithe €21.4 milliún in aghaidh na bliana do RTÉ agus moladh méadú €5.557 milliún in aghaidh na bliana do TG4.

  Bhí an tuarascáil deiridh agus na moltaí le cur faoi bhráid an Aire go luath in 2019.

- **Craoltóirí neamh-Éireannacha a chomhlíonadh chóid chraolacháin BAI**

  Ceanglaítear ar an BAI, faoin Acht, athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann craoltóirí teilifíse, a dhéanann craoltaí a bhíonn dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht féachana agus éisteachta in Éirinn, cóid craolacháin tráchtála an BAI. Ceanglaítear ar an BAI tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar fhionnachtana an athbhreithntihe.

  Fionnadh in athbhreithniú an BAI, a chuimsíonn an tréimhse 2017, go raibh fógraíocht scar-rogha, a chraoltar ar sheirbhísí teilifíse ceadúnaithe neamh-Éireannacha, ag comhlíonadh Chód Cumarsáide Tráchtála Ginearálta agus Leanaí an BAI tríd is tríd. Bhí ceisteanna maidir le neamh-chomhlíonadh dealraitheach i dtaobh na tréimhse 2017 níos lú i gcomparáid leis an tuarascáil roimhe seo a chuimsíonn 2015 agus 2016.

- *Craoltóirí Teilifíse Ceadúnaithe Éireannacha a chomhlíonadh Cheanglais an AVMSD maidir le Saothair Eorpacha*

  Ceanglaítear ar an BAI tuarascáil staitistiúil a thiomsú agus a sholáthar don Aire maidir le comhlíonadh Airteagal 16 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD") ag seirbhísí teilifíse a bhíonn á rialáil ag an BAI. Déileáiltear sna hairteagail sin leis na cuótaí i leith Saothair Eorpacha agus Léirithe Neamhspleácha Eorpacha. Soláthraítear tuarascálacha don Aire ar bhonn débhliantúil.

  I mí na Nollag, tar éis dó an t-athbhreithniú ar chomhlíonadh do 2015 agus do 2016 a bhreithniú, bhí an Coiste um Chomhlíonadh sásta an tuarascáil a cheadú ar bhonn comhlíonadh a bheith déanta tríd is tríd.

- *Rialacha Rochtana*

  Ceanglaítear le Rialacha Rochtana an BAI ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna maidir le fotheidealú a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu nó atá caoch nó dall. Ina theannta sin, ceanglaítear ar RTÉ Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a chur ar fáil leis, agus ceanglaítear ar Theilifís an Oireachtais leis Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.

  D'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana i gcaitheamh 2018, rinne an BAI roinnt gníomhaíochtaí ar a n-áirítear faireachán a dhéanamh ar aschur craoltóirí, cruinnithe le craoltóirí agus cruinnithe le Painéil Chomhairleacha Úsáideoirí an BAI chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal, na Clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear.

Bhreithnigh an Coiste um Chomhlíonadh an tuarascáil a soláthraíodh agus na fionnachtana. Tríd is tríd, bhí feabhas tagtha ar chomhlíonadh na Rialacha i gcomparáid leis an gcomhlíonadh in 2016. Rinneadh rannpháirtíocht mhaith ar thaobh craoltóirí leis an BAI agus, bunaithe ar aiseolas ó chraoltóirí agus ó úsáideoirí, rinneadh rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí agus níos bríche idir craoltóirí agus úsáideoirí seirbhísí rochtana. Tá craoltóirí tiomanta d'fheabhas a chur ar raon, cáilíocht agus iontaofacht sholáthar a seirbhíse rochtana, ach tugann siad le fios go mbeidh ról le himirt go deo ag an gcistiú sa réimse seo. Cé go bhfuil na deacrachtaí a dhéanann difear d'fhotheidealú a sheachadadh cosúil le deacrachtaí sna blianta roimhe seo, tá craoltóirí ag oibriú chun a bpróisis a fheabhsú agus tá siad ag súil go laghdófar ar an líon deacrachtaí a bhaineann d'úsáideoirí.

2. Faireachán agus Forfheidhmiú

Rinneadh cur chuige an BAI i leith faireacháin agus forfheidhmiú a fhorbairt in imeacht mórán blianta arbh é an príomhchuspóir a bhí leis ná faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cód agus rialacha reachtúla agus forálacha conarthacha ag craoltóirí mar aon le cultúr um chomhlíonadh a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin.

- *Faireachán ar Chláir*

Díríodh aird in 2018 ar fhaireachán a dhéanamh ar sheirbhísí a chuimsítear i bpleananna ceadúnúcháin an BAI agus i leith ceanglais reachtúla atá leagtha amach thuas ach rinneadh é go frithghníomhach leis nuair a aithníodh sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta nó nuair a fuarthas gearáin i dtaobh seirbhíse. Is gnáthach i bhfaireachán go ndírítear ar chomhlíonadh cód reachtúil, rialacha agus gealltanas conarthach a leagtar amach i Ráitis Beartais Clár conraitheoirí faoi seach.

I gcaitheamh na bliana, rinneadh faireachán ar stáisiúin teilifíse agus raidió araon. Chomh maith leis an bhfaireachán ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, rinne an BAI faireachán ar 4 sheirbhís tráchtála agus 6 sheirbhís pobail. Mar thoradh ar an obair sin, eisíodh 2 fhógra rabhaidh agus 8 bhfógra um chomhlíonadh do chonraitheoirí as ócáidí éagsúla ar ar dócha a rinneadh neamh-chomhlíonadh i ndáil le haschur craolacháin. Leanann an BAI de bheith i dteagmháil leis na conraitheoirí sin chun faireachán a dhéanamh ar ábhar agus chun soiléiriú a sholáthar nuair is gá i ndáil le léiriú cód craolacháin agus rialacha craolacháin. Rinneadh faireachán breise ar 14 chraoltóir neamh-Éireannacha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh chóid chraolacháin an BAI, de réir Alt 28(5) agus (6) den Acht Craolacháin, 2009.

- *Iniúchtaí Teicniúla*

Ceanglaítear ar gach craoltóir cloí le ceanglais theicniúla áirithe de bhun na gceanglas conarthach atá orthu agus ceadúnais a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide chucu. Is é an BAI a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Rinneadh iniúchadh ar 76 tharchuradóir raidió chun na críche sin le linn na bliana 2018. Tríd is tríd, bhí an leibhéal comhlíonta conarthaí an-ard.

- *Athruithe Conarthacha*

Is cuid ríthábhachtach de ghníomhaíocht oibríochtúil an BAI iad iarrataí ar athruithe a dhéanamh ar chonarthaí. Déanann craoltóirí atá ceadúnaithe iarrataí den sórt seo a chur isteach ina n-iarrtar cead a fháil chun gnéithe áirithe dá gconarthaí a leasú. Tríd is tríd, féadfaidh baint a bheith ag na hiarrataí le hathruithe beartaithe ar úinéireacht, bainistíocht nó struchtúr oibríochta stáisiúin nó ar bheartas stáisiúin i leith clár. Phróiseáil an BAI 46 iarraidh den sórt sin i gcaitheamh 2018, agus gealltanais chonarthacha an Chraoltóra, mar aon le beartais iomchuí an BAI, á gcur san áireamh. Ar chuid de na hiarrataí a bhreithnigh agus a cheadaigh an tÚdarás, tá siad seo a leanas:

- Palarvia Limited, is fochuideachta faoi lánúinéireacht ag an Irish Times Newspaper Group, a fháil seilbhe ar Sapho Limited (an Irish Examiner Newspaper Group). Tá leas urlámhais ag Sappho Limited sna Stáisiúin Raidió WLR FM agus Beat FM agus leas suntasach aige in Red FM.
- Toohil Telecom Holdings Limited a fháil seilbhe ar Eircom Limited agus Eircom Sport Limited, ("Eircom Group"). Tá roinnt conarthaí soláthair lánais i seilbh Eircom Group leis an BAI chun seirbhís EPG agus cainéil Eir Sport a oibriú.
- Tar éis athbhrandáil sheirbhísí TV3 Group mar Virgin Media One, Two agus Three, athraíodh an ceadú go dtí gealltanais clár Virgin Media Three. Is éard a bhí i gceist leo seo ná gealltanais a thabhairt isteach maidir le cláir do leanaí agus scannáin Éireannacha, agus deireadh a chur le hábhar nuachta. Rinneadh breis clár nuachta agus cúrsaí reatha a sholáthar ar Virgin Media One agus Two mar chúiteamh i ndeireadh a chur le hábhar nuachta.

3. Athbhreithnithe Feidhmíochta

Dírítear in athbhreithnithe feidhmíochta ar stáisiún ar nithe a bhaineann le húinéireacht agus rialú, lena n-áirítear rialachas corparáideach, soláthar foirne, cláir, feidhmíocht airgeadais agus ghnó agus áirítear iontu faireachán ar lánas.

Rud tábhachtach, cumasaíonn athbhreithnithe feidhmíochta leis treochtaí a aithint ar feadh earnálacha faoi leith, an earnáil tráchtála nó an earnáil phoiblí araon, agus cabhraíonn siad le heolas a sholáthar i dtaobh na réimsí a mbeadh tacaíocht bhreise nó ionchur breise ar thaobh an BAI ag teastáil amach anseo. I gcás seirbhísí pobail de, féachtar in athbhreithnithe feidhmíochta leis lena fháil amach leis cé mhéad atá seirbhísí pobail ionadaitheach ar, agus cuntasach do, na pobail faoi seach ar a bhfreastalaíonn siad.

Tá gá le roinnt blianta anuas le tosaíocht a thabhairt do chomhlíonadh agus d'fheidhmíocht ar thaobh conraitheoirí a bhíonn ar áireamh i bplean ceadúnúcháin bliana áirithe agus ba é sin an cás fós i gcaitheamh 2018 ina ndearnadh 3 athbhreithniú feidhmíochta Pobail agus 1 athbhreithniú feidhmíochta Tráchtála amháin. Mar aon leis na hathbhreithnithe feidhmíochta sin, rinneadh iniúchadh conarthach in 2018 ar stáisiún pobail agus chuir an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú reachtúil faoi Alt 50 i gcrích.

Rinneadh an t-iniúchadh conarthach mar thoradh ar ghearán a fuarthas i dtaobh rialachas seirbhíse pobail. Eisíodh Fógra Rabhaidh don chonraitheoir agus táthar chun plean, chun na nithe a aithníodh a cheartú, a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh in 2019.

In 2017, rinne an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú reachtúil faoi Alt 50 a thionscnamh i leith fheidhmíocht East Limerick Community Radio trína ndearna an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú ar na forais nach raibh an tseirbhís á soláthar de réir théarmaí a gconartha ag an gconraitheoir. Tugadh an t-imscrúdú sin chun críche in 2018 agus mhol an Coiste don Údarás Conradh an Chonraitheora a fhoirceannadh. Rinne an tÚdarás conradh East Limerick Community Radio a fhoirceannadh dá éis sin.

Cleachtais Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais

Tá an BAI tiomanta do bheith ag oibriú de réir ardchaighdeáin i ndáil le cleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus don mhéid sin a chur chun cinn don earnáil craolacháin as a hiomláine. Leagann an BAI fós an-bhéim ar a chaighdeáin agus a chleachtais rialachais agus a inniúlachtaí inmheánacha a láidriú. Cinntítear leis an bhfócas leanúnach sin go bhféadfaidh an eagraíocht a shainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach leis an leibhéal gairmiúlachta, inchreidteachta agus macántachta is airde. Leagtar béim ar chomhall agus ar chleachtadh dea-rialachais chorparáidigh ar gach leibhéal den eagraíocht. Chomh maith le bheith ag cothabháil agus ag cur cleachtais rialachais láidre chun cinn, bíonn an BAI leis ag féachaint le bheith ag cur le struchtúir eagraíochtúla agus le cultúr eagraíochtúil a thacaíonn le foghlaim foirne aonair agus feidhmíocht foirne aonair go háirithe trí phróisis fheabhsaithe acmhainní daonna agus trí bhainistíocht níos fearr ar eolas.

- *Cód Cleachtais 2016 i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit*

  Leanann BAI fós de bheith ag comhlíonadh a dhualgas ag féachaint do cheanglais Chód Cleachtais 2016 i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit (Cód 2016).

  Leanadh leis an obair ar feadh 2018 chun ceanglais bhreise Chód 2016 a chur i ngníomh d'fhonn a áirithiú go comhlíonfaí a fhorálacha. Bhí ar áireamh sa mhéid sin Cód um Chleachtas Gnó nuashonraithe agus Cairt um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí athbhreithnithe a thabhairt chun críche. I dtreo dheireadh na bliana d'fhorbair an BAI Lámhleabhar Rialachais a chuimsigh gach ábhar rialachais is iomchuí don Údarás, do na Coistí agus don Fheidhmeannacht.

- *Feidhmiú an Údaráis*

  Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú an BAI, ar a n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. I mí Aibreáin 2018, rinne an tÚdarás athbhreithniú foirmeálta ar a fheidhmíocht de réir cheanglais Chód 2016. D'fháiltigh an tÚdarás roimh an deis a bheith rannpháirteach sa mheasúnacht sin ar a fheidhmíocht féin agus mheas sé gur bheart cuiditheach é agus gur chuir sé le hathbhreithnithe roimhe sin. Rinneadh moltaí a chur san áireamh ina chuid gníomhaíochtaí i gcomhair an chuid eile den bhliain agus isteach in 2019.

- *Obair na gCoistí Reachtúla*

  Rinne an **Coiste um Chomhlíonadh** roinnt gníomhaíochtaí in 2018 de réir a fheidhmeanna, is gníomhaíochtaí ar ar áiríodh:

  - Cinneadh a dhéanamh ar thorthaí ar ghearáin ag daoine den phobal ar chraoltóirí i ndáil le hiad a chloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
  - Plean um Chomhlíonadh a fhorbairt i gcomhair 2018 agus 2019
  - Breithniú a dhéanamh ar Athbhreithnithe Feidhmíochta Bliantúla ar Chonraitheoirí arna ndéanamh ag an bhFeidhmeannacht;
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha i dtaobh chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana an BAI ag craoltóirí teilifíse;
  - Breithniú a dhéanamh ar iniúchtaí teicniúla ar Chonraitheoirí arna ndéanamh i gcaitheamh 2018;
  - Imscrúdú de dhroim fhorálacha Alt 50 den Acht a thabhairt chun críche;
  - Tuarascáil chun an Aire ar chomhlíonadh Chód Ginearálta BAI maidir le Cumarsáidí Tráchtála agus an An Cód maidir le Cumarsáidí Tráchtála do Leanaí ag craoltóirí neamh-Éireannacha a bhreithniú agus a cheadú;
  - Breithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh Cheanglais an AVMSD maidir le Saothair Eorpacha ag Craoltóirí Teilifíse Ceadúnaithe Éireannacha.

  Áiríodh na nithe seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an **Choiste um Dheonú Conarthaí** sa bhliain 2018:

  - Pleananna ceadúnúcháin i gcomhair seirbhísí raidió tráchtála agus pobail a chur i ngníomh, de réir mar a d'ordaigh an tÚdarás;
  - Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime pobail sealadacha agus píolótacha;
  - Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais.

- *Obair an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca (Coiste FAR)*

  Déanann Coiste FAR faireachán agus athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas rialaithe inmheánaigh an BAI, a chleachtais agus a rialuithe airgeadais, a fheidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus a chleachtais bainistíochta riosca. Tugann an Coiste faisnéis rialta don Údarás i dtaobh na ndualgas éagsúil atá air agus déantar athbhreithniú ar a théarmaí tagartha i ngach bliain.

  Thug Coiste FAR faoi raon gníomhaíochtaí in 2018, lenar áiríodh:

  - Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras rialuithe inmheánacha lena n-áirítear ráitis airgeadais, iniúchóireacht sheachtrach agus iniúchóireacht inmheánach an BAI agus an Chiste Craolacháin;
  - Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hIniúchóirí Inmheánacha;
  - Breithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánacha;
  - Gníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha ag an BAI.

- *Dea-chleachtais rialachais a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin*

  D'fhonn tacú le rialachas níos fearr, tá obair agus tionscnaimh um chomhlíonadh curtha i gcrích leis an earnáil raidió pobail in imeacht na mblianta beaga is déanaí. In 2018, sholáthair an BAI cistiú chun tacú le struchtúir rialachais níos fearr san earnáil tríd an gclár Foghlama agus Forbartha Earnála aige.

- *Rialachas na Scéime um Maoiniú Craolacháin*

  Le linn dó 7% den Táille Ceadúnais Teilifíse a bhailiú agus a dhámhachtain, ceanglaítear ar an BAI ardchaighdeáin rialachais ar an Scéim a áirithiú ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir. Dá réir sin, leagtar béim faoi leith ar chleachtais um chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéanfaidh na conraitheoirí a n-éireoidh leo tionscadail a sheachadadh.

  Déanann baill foirne de chuid BAI faireachán rialta ar chonraitheoirí maidir le comhlíonadh théarmaí a gconarthaí agus déantar an céanna trí iniúchtaí neamhspleácha. Déantar athbhreithnithe ar ráitis costas deiridh agus ar bhunábhair na gclár in aghaidh na bliana. Cuirtear tuarascálacha iniúchóireachta faoi bhráid Choiste AIR an BAI.

Déantar measúnú córasach neamhspleách ar gach tionscadal teilifíse a mhaoinítear, agus ar chionúireacht de na tionscadail raidió a mhaoinítear, tar éis iad a chríochnú, i gcoinne ceanglais maidir le seachadadh clár chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh ceanglais maidir le sonraíocht agus cóireáil clár atá leagtha síos sa chonradh.

- *Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*

  Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a rialachas agus a nósanna imeachta chun go leanfar de bheith ag comhlíonadh na bprionsabal a bhaineann le cearta an duine agus, go sonrach, na n-oibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht 2014.

- *Tomhailt Fuinnimh*

  Bhain BAI stádas uaine arís ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina Thuarascáil Bhliantúil maidir le Feidhmíocht na hEarnála Poiblí i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, 2018 agus go bhfuil sé ar an mbealach ceart chun spriocanna atá ceaptha don bhliain 2020 a bhaint amach.

Struchtúir Eagraíochtúla agus Cultúr Eagraíochtúil

Leanann foireann an BAI de bheith ag leagan síos cuspóirí eagraíochtúla atá i gcomhréir le Straitéis trí bliana an BAI. Tá na cuspóirí sin corpraithe isteach i bpróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta BAI trína gcumasaítear don BAI an fheidhmíocht a mheasúnú ar leibhéal na pearsan aonair agus ar leibhéal na heagraíochta. Déanann grúpa oibre um straitéis inmheánach a chur i ngníomh faireachán ar sheachadadh an phlean oibre. Feidhmíonn an BAI struchtúr maitríse trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta oibre de réir riachtanais ghnó.

Is dúshlán mór don BAI le blianta beaga anuas é an soláthar foirne agus acmhainní. In 2018, fuair an BAI cead chun roinnt ball foirne breise a earcú agus líonadh roinnt post le linn na bliana.

Tá gealltanas tugtha ag an BAI oiliúint a chur ar an bhfoireann agus an fhoireann a fhorbairt trí thosaíocht a thabhairt do réimsí is iomchuí maidir le hobair na heagraíochta chomh maith le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil don fhoireann a chur chun cinn. Tugann cultúr na heagraíochta tacaíocht agus spreagadh do dhaoine aonair dúshláin nua a ghlacadh orthu féin agus d'fhonn gné foghlama a ghlacadh ina meascán foriomlán oibre. I mbliain ina ndearnadh mórchuid earcaíochta, cuireadh clár ionduchtaithe leis i ngníomh ar fud na heagraíochta do gach ball foirne nua nó gach ball foirne a fuair ardú céime le déanaí.

- *An Scéim Gaeilge*

  De réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá an BAI tiomanta do sheirbhísí Gaeilge a sholáthar dá pháirtithe leasmhara trí Scéim Gaeilge a chur i ngníomh agus a oibriú. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga faireachán ar gach Scéim Gaeilge. In 2018, arbh í an dara bliain de Scéim Gaeilge trí bliana an BAI í, lean an fhoireann Gaeilge de chur chuige spriocdhírithe i leith feabhas a chur ar líon agus cáilíocht na seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn an eagraíocht. Bhí ar áireamh sa mhéid sin méadú suntasach ar phreaseisiúintí dátheangacha agus ar mhíreanna nuachta a bhíonn ar fáil ar shuíomh gréasáin an BAI agus ar na meáin shóisialta. Leanadh de scileanna Gaeilge a chur chun cinn i measc na foirne, lena n-áirítear na ranganna Gaeilge a comhordaíodh i gcomhar le Gaelchultúr, imeachtaí aonair don fhoireann, ar nós turas dátheangach istoíche ar an Dánlann Náisiúnta a socraíodh mar chuid de Sheachtain na Gaeilge agus tionscnaimh eile den sórt sin. Mar chuid de Bhliain na Gaeilge 2018 agus den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, d'óstáil an BAI leis Murdair Mhám Trasna, scannán Gaeilge comhaimseartha, a thaispeáint agus bhí an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn i láthair ann.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
31 NOLLAIG 2018

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis 52

Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha 59

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 62

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 64

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 65

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 66

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 67

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 68

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"). Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in alt 26 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú. Comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ní gnó lárnach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht laethúil Údarás Craolacháin na hÉireann arna cheapadh de bhun alt 14 den Acht. Tá sé cuntasach don Údarás as na feidhmeanna a tharmligeann an tÚdarás dó agus as bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar riarachán an Údaráis agus ar an dá choiste reachtúla de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Comhlíonann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis, a dhréachtóidh agus a ghlacfaidh an tÚdarás de bhun alt 29 den Acht. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean do chomhalta foirne den Údarás, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as an gCiste Craolacháin a riaradh agus as idirbhearta an Chiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste Craolacháin.

Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis san Acht. Leagtar amach freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Údaráis agus gach coiste reachtúil i Sceideal na Nithe a Fhorchoimeádtar le haghaidh Chinneadh an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla. Áirítear i measc na nithe buana a bheidh le breithniú ag an Údarás:

- Breithniú agus ceadú a dhéanamh ar dhréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin
- Dearbhuithe leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun an Achta
- Nithe a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach
- Miontuairiscí chruinnithe an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh
- Miontuairiscí cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"), faoi stiúradh an Údaráis, gach leabhar cui agus taifead cuntais den uile ioncam agus caiteachas den Údarás agus d'fhoinsí ioncam den sórt sin agus ábhar caiteachais den sórt sin, agus de mhaoin, de shócmhainní agus de dhliteanais an Údaráis a choimeád. Ceanglaítear air freisin cuntas a thabhairt don Údarás maidir le gach cuntas speisialta den sórt sin agus iad a choimeád de réir mar a cheanglaíonn cuid 10 den Acht, agus de réir mar a ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó mar a ordóidh an tAire ó am go ham gur cóir iad a choimeád.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon chlaonadh ábhartha ón gcéanna atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth a staid airgeadais agus lena gcumasaítear dó a dheimhniú go gcomhlíonann ráitis airgeadais an BAI agus an Chiste Craolacháin alt 37(2) den Acht. Is freagracht de chuid an Údaráis sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Údaráis Craolacháin na hÉireann agus í a chothabháil.

Tá an tÚdarás freagrach as an Ráiteas Straitéise a cheadú (lena n-áirítear na cuspóirí straitéiseacha dá chuid) agus plean oibre trí bliana agus meastacháin bhuiséid trí bliana. Rinne an tÚdarás breithniú ar an Athbhreithniú Straitéise lár téarma ar Ráiteas Straitéise BAI 2017 – 2019 ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Nollag 2018.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus dá réir chun bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an tÚdarás faoin tuairim go dtugtar i ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fírinneach agus fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ag 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Údaráis

Tá naonúr gcomhaltaí ar an Údarás, duine acu a cheaptar ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach. Tá comhaltaí an Údaráis arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de bhun Alt 8 den Acht Craolacháin 2009. Bíonn gach comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire le linn an ceapachán a dhéanamh, faoi réir fhorálacha alt 9 den Acht. Mionsonraíonn an tábla thíos an dáta ceapacháin maidir leis an naonúr comhaltaí reatha de chuid an Údaráis.

Comhalta den Údarás	Ról	Dáta Ceapacháin
Pauric Travers*	Cathaoirleach	2 Nollaig 2017
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	2 Nollaig 2014
Grace Smith	Gnáthchomhalta	2 Nollaig 2014
Denis Wolinski	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Seán Ó Mordha	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Rosemary Day	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Maeve McDonagh	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	31 Eanáir 2017
Vivien McKechnie	Gnáthchomhalta	20 Márta 2018

* Ceapadh ina Chathaoirleach é den chéad uair an 1 Nollaig 2014 go ceann tréimhse trí bliana. Athcheapadh é go ceann tréimhse breise trí bliana an 2 Nollaig 2017.

Rinne an tÚdarás féinmheasúnú ar Éifeachtacht an Bhoird agus ar Athbhreithniú Meastóireachta i mí Aibreáin 2018.

Bunaíodh dhá choiste reachtúla freisin faoi Alt 6 den Acht mar a leanas:

1. **An Coiste um Dheonú Conarthaí:** Tá ochtar gcomhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí in Alt 27 den Acht.

2. **An Coiste um Chomhlíonadh:** Tá ochtar gcomhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh in Alt 28 den Acht.

Bhunaigh an tÚdarás freisin **Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca** arb iad triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhspleách amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige nó aici atá ar an gcoiste seo. Leagtar amach ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an Údarás agus is é an cuspóir atá aige cabhair a thabhairt don Údarás maidir lena fhreagrachtaí de bhun Acht 2009 agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú amhail riosca, rialú inmheánach agus dearbhú gaolmhar. Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, is coiste neamhspleách ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar bhainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann é, a dheimhniú go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchóireachta. Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus tugann sé tuarascáil go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

In 2018, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca: Alan McDonnell (Cathaoirleach), Denis Wolinski agus Mary Curtis. D'éirigh Mary Curtis as an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an 31 Nollaig 2018 agus ceapadh an tUasal Vivien McKechnie chun an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ón 1 Eanáir 2019. Bhí Dermot O'Riordan ceaptha mar chomhalta neamhspleách chun fónamh ón 1 Meán Fómhair go ceann téarma trí bliana.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2018 lena n áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

	Táillí €	Costais €	Freastal
Comhaltaí an Údaráis			
Pauric Travers	11,970	-	12/12
Alan McDonnell	7,695	-	11/12
Grace Smith	7,695	-	11/12
Denis Wolinski	7,695	2,370	11/12
Seán Ó Mordha	7,695	-	11/12
Rosemary Day	-	3,153	10/12
Maeve McDonagh	-	1,291	11/12
Mary Curtis	7,695	303	10/12
Vivien McKechnie	6,025	-	6/8

	Táillí €	Costais €	Freastal
An Coiste um Chomhlíonadh			
Kevin Rafter	-	-	8/8
Nigel Heneghan	7,695	-	6/8
Paula Mullooly	7,695	-	6/7
Rosemary Day	-	2,368	6/8
Maeve McDonagh	-	468	8/8
Eileen Maher	7,695	-	8/8
Neil O'Brien	-	-	7/8
Anne O'Brien	-	-	3/8
An Coiste um Dheonú Conarthaí			
Ercus Stewart	11,970	-	8/9
Eimer McGovern	7,695	-	8/9
John Hogan	7,695	387	8/9
Clodagh O'Donnell	7,695	-	8/9
Grace Smith	-	-	9/9
Sean Ó Mordha	-	-	8/9
Celene Craig	-	-	9/9
Ciarán Kissane	-	-	8/9
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca			
Alan McDonnell	-	-	5/5
Mary Curtis	-	-	4/5
Dermot O'Riordan	-	-	5/5
Denis Wolinski	-	802	5/5
Iomlán	**114,610**	**11,142**	

Duine Amháin Tuarastal Amháin

Maidir le gach comhalta a ceapadh don Údarás reatha, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar gach duine de na comhaltaí a bhí ag teacht isteach féindearbhú a dhéanamh más rud é go raibh siad faoi réir riachtanais Duine Amháin Tuarastal Amháin (DATA), agus, ar bhonn na n-aighneachtaí sin, fuair Údarás Craolacháin na hÉireann ordú gan aon luach saothair a íoc le beirt chomhaltaí den Údarás reatha (Rosemary Day agus Maeve McDonagh) agus le comhalta amháin den Choiste um Chomhlíonadh (Kevin Rafter) i ndáil lena gcomhaltas den Údarás nó de Choistí Reachtúla d'Údarás Craolacháin na hÉireann, de réir mar is cuí.

Coinbhleacht Leasa

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann dámhachtain conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí reachtúil, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus ó gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí i leith conarthaí a dhámhachtain a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás.

Chomhlíon BAI forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon doiciméid maidir le hiarratas ar cheadúnas, le gearán ná le saincheist a d'eascair as agus níor ghlac an Comhalta páirt i gcinntí ar an ní, nó ní raibh sé/sí i láthair nuair a rinneadh cinntí ar an ní, a luaithe a tháinig an Comhalta ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha

Údarás: Ceapadh Vivien McKechnie chun folúntas a líonadh san Údarás an 20 Márta 2018.

An Coiste um Chomhlíonadh: D'éirigh Paula Mullooly as an gCoiste an 10 Nollaig 2018. D'éirigh Maeve McDonagh as an gCoiste um Chomhlíonadh an 31 Nollaig 2018 agus ceapadh Grace Smith ar an gCoiste um Chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2019.

An Coiste um Dheonú Conarthaí: D'éirigh Grace Smith as an gCoiste um Dheonú Conarthaí an 31 Nollaig 2018 agus ceapadh Mary Curtis ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ón 1 Eanáir 2019.

Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an tÚdarás freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe, ar níos mó na €60,000 iad, sna bandaí seo a leanas:

Réimse shochair iomlána na bhfostaithe

Ó	Go dtí	2018	2017
€60,000	– €69,999	6	6
€70,000	– €79,999	1	4
€80,000	– €89,999	4	-
€90,000	– €99,999	1	1
€100,000	– €109,999	-	-
€110,000	– €119,999	-	1
€120,000	–€129,999	1	-

Chun críocha an nochta seo, tá tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC na bhfostóirí iontu.

Costais chomhairleachta

Áirítear sna costais chomhairleachta costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach nach n-áirítear iontu costas €25K san iomlán maidir le feidhmeanna 'an ghnáthchúrsa gnó' le haghaidh seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann (€64K in 2017).

	2018 € '000	2017 € '000
Iniúchóireacht & Faireachán	49	39
Beartas, Cóid agus Rialacha	326	516
Comhairleacht Ghinearálta	311	207
Comhairleacht san Iomlán	**686**	**762**

	€ '000	€ '000
Comhairle Dlí	81	96
	81	**96**

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Aicmítear caiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2018 € '000	2017 € '000
Comhaltaí den Údarás/de na Coistí		
– Intíre	10	12
– Coigríche	1	1
Fostaithe		
– Intíre	18	20
– Coigríche	33	27
	62	**60**

Tabhair faoi deara go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Fostaithe sna Ráitis Airgeadais mar Chostas Riaracháin (€51K) agus go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí mar Tháillí agus Costais Chomhaltaí an Údaráis/na gCoistí (€11K).

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais caiteachas fáilteachais arbh fhiú € 13K (€ 22K in 2017) é. Áiríodh leis sin € 12K ar fháilteachais don fhoireann (€ 21K in 2017) agus € 1K i gcomhair fáilteachas do chliaint (€ 1K in 2017). Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeadh costais a bhaineann leis an gClár um Leas Fostaithe san áireamh sa chatagóir seo.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann ón 28 Meitheamh 2018. Ar an dáta sin, d'fhaomh an tÚdarás an Cód Iompair Ghnó nuashonraithe agus athbhreithnithe ar an gCairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta, agus trína bhíthin sin, tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOI RIALUITHE INMHEÁNACHA

Raon na Freagrachta

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá ar an Údarás a dheimhniú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á chur i ngníomh i leith Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach arna dhearadh chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus anuas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Craolacháin na hÉireann arb iad triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige nó aici. Bhuail an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire in 2018.

Sheachfhoinsigh Údarás Craolacháin na hÉireann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí dá chuid a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus seolann clár atá bunaithe ar riosca arna chomhaontú leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Cheadaigh Údarás Údarás BAI Creat Bainistíochta Riosca ("an Creat") d'Údarás Craolacháin na hÉireann:-

- A cheanglaíonn riosca le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta
- A sholáthraíonn ráiteas beartais riosca soiléir agus sainráite mar aon le cuspóirí bainistíochta riosca cuí
- A chuireann in iúl cumas an Údaráis riosca a shú, i.e. an méid riosca a bhfuil an tÚdarás sásta a ghlacadh
- A chuireann in iúl an modh a sainaithneofar agus a rangófar an riosca
- A cheanglóidh go gcuirfear measúnú riosca i gcrích, trí shainaithint, trí chur síos agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus a leagfaidh amach na huirlisí, na próisis agus na struchtúir a thabharfaidh feidhm phraiticiúil don mheasúnú riosca seo
- A cheanglóidh nach mór tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí chun trédhearcacht iomlán a dheimhniú ar an riosca agus ar na gníomhartha arna bpleanáil chun déileáil leis an riosca
- A leagann amach plean cur chun feidhme agus faireacháin a dheimhníonn go bhfuil foireann Údarás Craolacháin na hÉireann ar an eolas maidir lena ról agus lena freagrachtaí maidir le riosca agus leis na gníomhartha comhaontaithe
- A leagann amach cibé tacaíochtaí atá ann (e.g. oiliúint)

Eisíodh an Creat chuig gach comhalta foirne a mbeifí ag súil leis go mbeadh sé nó sí ag obair ar bheartais bainistíochta riosca de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, chun go mbeidh an bhainistíocht san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheidh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Sna Téarmaí Tagartha dá chuid, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an gCreat agus go gcuirtear an Creat faoi bhráid an Údaráis lena cheadú. Mar thoradh ar iniúchadh inmheánach ar an gCreat in 2018, rinneadh nuashonrú ar an gCreat trí Bheartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe a mbeidh éifeacht leis ó Eanáir 2019 amach.

Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis córas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm a dhéanann sainaithint, measúnú agus tuairisciú ar na rioscaí ríthábhachtacha agus gníomhartha na bainistíochta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Sainaithníonn Creat Bainistíochta Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann clár rioscaí mar uirlisí bainistíochta agus rianaithe rioscaí, a dhéanann, trí phróiseas athbhreithnithe agus uasdátaithe, sainaithint, measúnú agus bainistiú ar rioscaí síos go dtí leibhéil inghlactha. Tá Clár Rioscaí Corparáide ar bun a dhéanann na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí corparáide agus straitéiseacha a gcaithfidh Údarás Craolacháin na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus rinneadh iad siúd a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Ina theannta sin, ullmhaítear pleananna rioscaí oibriúcháin agus pleananna bainistíochta riosca tionlacain do gach ceann de réimsí tionscadail agus oibriúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann. Léirítear iad sin sa Chlár Rioscaí Tionscadail agus Oibriúcháin.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáide ar bhonn ráithiúil agus soláthraíonn an Príomhoifigeach Rioscaí uasdátú ar na rioscaí (lena n-áirítear uasdátú ar rioscaí oibriúcháin suntasacha) ag gach cruinniú Coiste. Déantar athbhreithniú agus tuairisciú ar an gClár Rioscaí Tionscadail agus Oibriúcháin ag gach cruinniú foirne bainistíochta sinsearaí, ar chruinnithe leis an lucht meánbhainistíochta agus ar gach cruinniú míosúil oibriúcháin idir an Príomhoifigeach Rioscaí agus Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena dheimhniú go mbainistítear rioscaí ag leibhéal cuí.

Mionsonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a shanntar do chomhaltaí foirne sonracha maidir le rialuithe a oibriú.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Go ndearnadh taifead maidir le nósanna imeachta le haghaidh gach próiseas gnó ríthábhachtach,
- Gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Go bhfuil córas buiséadach iomchuí ann le buiséad bliantúil a mbíonn athbhreithniú arna dhéanamh air ag an mbainistíocht shinsearach,
- Go bhfuil córais ann a bhfuil mar sprioc acu slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a dheimhniú
- Go bhfuil córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Go ndeimhníonn nósanna imeachta rialúcháin maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh i dtaca le deontaithe lena dheimhniú gur cuireadh an maoiniú deontas chun feidhme maidir leis an gcuspóir beartaithe.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, más iomchuí, ar mhodh tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas ann:

- Rinneadh rioscaí ríthábhachtacha agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus cuireadh próisis ann chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na rialuithe ríthábhachtacha sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann bainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann ann lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann na nósanna imeachta sin le linn 2018, ach amháin i gcás eisceacht amháin atá nochta thíos.

Bhain sé sin le ball foirne ag a bhfuil tacar sainscileanna faoi leith a earcú trí ghníomhaireacht nár tugadh faoi aon phróiseas soláthair iomaíoch ina leith. Cuireadh tús leis an gconradh sin in 2010 nuair a bhí moratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí ann le linn tréimhse ina raibh géarghanntanas acmhainní ag an BAI. Lean an BAI leis an socrú sin de réir mar a tháinig taithí, saineolas agus eolas eagraíochtúil an bhaill foirne chun cinn in imeacht na mblianta, rud a chuidigh leis an BAI maidir lena chuspóirí eagraíochtúla. Caitheadh €30,727 de chaiteachas leis an tseirbhís sin le linn 2018. Ó 2016 i leith, tá creat-chomhaontú á chur i bhfeidhm ag an BAI maidir le soláthar seirbhísí gníomhaireachta earcaíochta.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. Cuirtear bonn eolais faoin bhfaireachán agus faoin athbhreithniú a dhéanann Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus leis an mbainistíocht shinsearach laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais do 2018, a rinne an t-iniúchóir inmheánach le linn mhí an Mhárta 2019.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Thug Ráiteas 2017 maidir le Rialuithe Inmheánacha breac-chuntas go ndearna speisialtóir cánach seachtrach féin-athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíonadh cánach agus shainaithin an speisialtóir sin dhá réimse nár chomhlíon BAI rialacháin maidir le CBL a fhorchúiteamh ar cheannacháin áirithe. I mí na Bealtaine 2018, rinneadh nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim dar luach €99,367 san iomlán. Tar éis dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an ábhar, rinneadh íocaíocht chomhaontaithe deiridh €100,560 leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Iúil 2018. Bhain €95,930 den íocaíocht sin leis an gCiste Craolacháin ina n-áirítear ús agus pionóis arbh fhiú €18,013 iad. B'fhiú Ráitis Airgeadais 2017 an Chiste Craolacháin agus €95,016 agus b'fhiú Ráitis Airgeadais 2018 an Chiste Craolacháin agus €914 den íocaíocht sin leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Baineann an t-iarmhéid €4,630 le ró-éileamh CBL a rinne an BAI ar nithe áirithe neamh-asbhainteacha. Áirítear leis sin €833 d'ús agus de phionóis. B'fhiú €4,351 Ráitis Airgeadais 2017 Údarás Craolacháin na hÉireann agus b'fhiú €279 den íocaíocht deiridh Ráitis Airgeadais 2018 an Chiste Craolacháin. Tá an teagmháil sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an ábhar tugtha chun críche anois.

Níor aithníodh aon laigí breise i rialú inmheánach i ndáil le 2018 nach mór iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2018 as required under the provisions of section 37 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Authority of Ireland at 31 December 2018 and of its income and expenditure for 2018 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report (including the governance statement and Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

28 June 2019

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the governance statement and Authority members' report, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 37 of the Broadcasting Act 2009.
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 37 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Authority of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Authority of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

	Nóta	2018	2017
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Tobhach	**2**	4,863	4,683
Táillí Ceadúnúcháin	**3**	38	23
Ioncam Eile	**4**	702	729
Ollioncam		**5,603**	**5,435**
Aistriú (ón)/go dtí an Cuntas Caipitil	**16**	12	(3)
		5,615	**5,432**
Caiteachas			
Costais Foirne	**5**	2,176	1,988
Costais Sochar Scoir	**18(c)**	312	309
Táillí/Speansais Chomhaltaí an Údaráis /na gCoistí		126	126
Táillí Sainchomhairleachta	**7**	711	826
Costais Dlí		81	96
Fógraíocht		30	24
Costais Riaracháin	**8**	463	428
Luach Saothair na nIniúchóirí		12	12
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**9**	484	599
Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara	**10**	752	769
Díluacháil		16	24
Drochfhiacha		1	(3)
Ús agus muirir bainc		7	10
		5,171	**5,208**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**444**	**224**
Aisíoc Tobhaigh	**2**	(405)	(200)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		**39**	**24**
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		643	619
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		39	24
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**682**	**643**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–20.
Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 27 Meitheamh 2019 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

	2018	2017
	€'000	€'000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	**39**	**24**
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochar scoir	216	(358)
Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach na n-oibleagáidí scéime sochar scoir	114	133
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	330	(225)
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste	(330)	225
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain	39	24

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–20.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 27 Meitheamh 2019 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2018

	Nóta	2018	2017
		€ '000	€ '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	**11**	41	53
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	**12**	998	1,196
Airgead agus coibhéis airgid	**13**	1,266	1,645
		2,264	2,841
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**14**	(1,582)	(1,698)
Saoráid iasachta		-	(500)
		(1,582)	(2,198)
Glansócmhainní Reatha		682	643
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		723	696
Sócmhainn iarchurtha sochar scoir	**18**	12,092	11,491
Dliteanais sochair scoir	**18**	(12,092)	(11,491)
Glansócmhainní		723	696
Arb ionann iad agus			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		682	643
Cuntas Caipitil	**16**	41	53
		723	696

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–20.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 27 Meitheamh 2019 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2018	2017
	€'000	€'000
Barrachas don Bhliain	39	24
Muirear Díluachála	16	24
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(12)	3
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	198	(120)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	(116)	104
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	125	35
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
(Aisíocaíocht)/Íostarraingt Iasachta	(500)	500
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	(4)	(27)
(Laghdú)/Méadú ar Airgead agus ar ChoibhéisAirgid	(379)	508
Airgead agus coibhéis airgid i dtús na bliana	1,645	1,137
Airgead agus coibhéis airgid ag deireadh na bliana	**1,266**	**1,645**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe iad.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 le príomhoifig atá suite in 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is iad príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar a leagtar amach in Alt 25 den Acht Craolacháin 2009 iad, mar a leanas:

(1) Déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú –

(a) go ndéanfar líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha agus a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

(b) go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint saoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

(c) go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla -

(a) soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;

(b) craoltóirí seirbhísí poiblí a éascú i gcomhall na gcuspóirí seirbhíse poiblí dá gcuid mar a leagtar amach san Acht seo;

(c) éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó tionchar;

(d) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaon a chothú;

(e) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;

(f) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a leochailí agus atá leanaí agus an óige ó thaobh saothrú tráchtála míchuí;

(g) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus

(h) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

(3) Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar –

(a) go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,

(b) go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin a chuirfidh i gcuntas an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát,

(c) go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,

(d) go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

(e) go ndéanfar freastal go réidh iontu ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na teicneolaíochta sin, ag an earnáil craolacháin agus go ndéanfar an céanna a spreagadh leo go réidh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Údarás Craolacháin na hÉireann.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn é a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

(d) Ioncam

Ioncam Tobhaigh
Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na caiteachais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú. Bíonn an tobhach bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is amhlaidh, maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, go gcoinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin, 2009 (Alt 33), 2010 (I.R. Uimh. 7/2010), an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh. Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas air.

Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin
De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an tÚdarás dhá chineál conarthaí le hoibritheoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh go mbeadh táillí ceadúnúcháin iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na táillí sin ó am go chéile ar aon dul le beartais agus le straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile
Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhruithe.

Ioncam Úis
Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhruithe trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid.

(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Díluacháil

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide díluacháil charntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar díluacháil ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh go léir. Déantar amhlaidh de réir rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom in imeacht na saolré eacnamaíche fónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feisteas	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil léi agus leis ag deireadh a saolré fónta cheana

féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

(f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

(g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa ach amháin i gcásanna ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

(h) Sochair Fostaithe

(i) Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

(ii) Sochair Scoir
Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim sochar sainithe scoir. Tá socrú i bhfeidhm ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoina gcúiteofar leis an Údarás an uile airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí sochar scoir a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, ceanglaítear ar an Údarás suim is comhionann le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí a shocróidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Muirearaítear costais sochar scoir ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim agus cuimsíonn siad an ranníocaíocht ón bhfostóir i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Sócmhainn is comhionann leis an dliteanas sin agus is ionann agus na suimeanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um maoiniú sochar scoir atá i bhfeidhm.

Dliteanais sochar scoir atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag foireann an Údaráis go dtí seo, tomhaistear iad ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais sochar scoir na sochair scoir atá tuillte ag foireann an Údaráis sa tréimhse. Léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí sochar scoir fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad. Meastar an tsuim a chuirfear ar áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh shuim an Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste mar shuim atá cothrom le meastachán na hoibleagáide le haghaidh dhliteanais na scéime sochar scoir.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Maoiniú Iarchurtha Pinsin ón Státchiste.

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012. Tugadh an Scéim Pinsean Aonair nua na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") isteach leis an Acht, scéim ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad gach fostaí nua in Údarás Craolacháin na hÉireann a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

(i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(j) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

(k) Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

(l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas i gcaitheamh na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach
Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh
Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha a dhéanamh ar an mbearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Díluacháil agus Luachanna Iarmharacha
Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas. Tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha
Déanann an tÚdarás meastachán ar luach inaisghabhála na bhféichiúnaithe agus na suimeanna infhaighte eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a bhféadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Tugtar luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha.

Soláthairtí
Déanann an tÚdarás soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith gan chomhlíonadh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh gur mhó i bhfad idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir
Maidir leis na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha arb ina leith a chinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais cúraim sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus

iii. rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú iarchurtha pinsin
Is bunaithe ar roinnt teagmhais roimhe a aithníonn an tÚdarás suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas

neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsean. I measc na dteagmhas sin, tá an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil agus, dá bhrí sin, nach ann d'aon ráthaíocht, i dtaca leis na suimeanna ar leith sin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de réir a chéile le freastal ar an tsuim seo de réir an chleachtais reatha.

2 Tobhach

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 33 den Acht Craolacháin 2009 na caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an Údarás agus ag na coistí reachtúla a aisghabháil trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (alt 33), 2010 ('an tOrdú Tobhaigh'), na téarmaí a bhaineann leis an Tobhach seo, lena n-áirítear modh an ríofa.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhaigh an 22 Eanáir 2010. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2010.

Ba é €4.863m an tsuim a gearradh mar thobhach ar chraoltóirí sa bhliain 2018. Áiríodh leis an tsuim sin ús arbh fhiú €2,654 é. Bhí an ghlansuim bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2018 agus ar ioncam cáilitheach na gcraoltóirí don bhliain 2017. Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh chun an tsuim a ghearrtar mar thobhach ar chraoltóirí a chur i gcomparáid leis an muirear tobhaigh iarbhír. Déanfar an réiteach sin nuair a bheidh caiteachas an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2018 ceadaithe agus nuair a bheidh a n-ioncam cáilitheach iarbhír don bhliain 2017 curtha ar fáil ag craoltóirí. Eiseofar sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí ina dhiaidh sin i leith an choigeartaithe sin.

Ba le linn na bliana 2018, a rinneadh na próisis réitigh tobhaigh don bhliain 2017. Ba é €200,073 an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí. Aithníodh an tsuim sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2017. Tá aisíocaíocht €405,457 dlite do chraoltóirí maidir leis an mbliain tobhaigh 2018. Aithníodh an tsuim sin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2018.

3 Táillí Ceadúnúcháin

	2018	2017
	€'000	€'000
Teilifís	38	23
	38	**23**

4 Ioncam Eile

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Ioncam Eile	702	729
	702	**729**

Baineann ioncam eile le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann. Athmhuirearaítear an t-ioncam sin ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastail is fiú €453,544 (2017: €444,382), forchostais ghinearálta is fiú €145,974 (2017: €181,568), ranníocaíocht urraíochta is fiú €74,070 (2017: €72,862) leis an Scéim Ciste Craolacháin, táillí ceadúnas TF agus táillí tacaíochta TF is fiú €15,038 (2017: €17,018) agus comhairle infheistíochta is fiú €13,000 (2017: €13,000).

5 Luach Saothair

(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Sochair foirne ghearrthéarmacha	2,014	1,842
Ranníocaíocht an fhostóra i leith leas sóisialach	162	146
	2,176	**1,988**

Rinneadh asbhaintí €89,062 (2017: €81,180) a bhaineann le pinsin as tuarastail na foirne le linn na bliana. Cuireadh na hasbhaintí sin chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Áiríodh le Costais Foirne sa bhliain 2018 suim €453,544 (2017: €444,382) a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Tá an tsuim sin aitheanta in Ioncam Eile.

Bhí aon duine amháin páirtaiseartha (2017: 1.75) a bhí ag obair in BAI i gcaitheamh 2018 ar fostú trí ghníomhaireacht. B'ionann an t-ollchostas don BAI i leith an phearsanra gníomhaireachta sa bhliain 2018 agus €30,359 (2017: €48,848[1]).

Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan pearsanra Gníomhaireachta a áireamh) le linn na bliana mar seo a leanas:

	2018	2017
An Fhoireann Ardbhainistíochta	9	8
Foireann Eile	29.34	25.91
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	38.34	33.91
An Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) amhail an 31 Nollaig 2018	**35**	**35[2]**

(b) (b) Sochair Fostaithe Ghearrthéarmacha

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Bunphá	2,014	1,842
Ragobair	-	-
	2,014	**1,842**

(c) Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair)

Tagann seirbhísigh phoiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. In 2018, ba é iomlán na ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair ná €19,457 (2017: € 10,594). Ba é dliteanas an BAI i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair ná €58,370 (2017: € 31,782).

Íoctar gach ranníocaíocht sa Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

1 Sonraíodh go mícheart i Ráitis Airgeadais Iniúchta 2017 gurbh ionann costais an phearsanra gníomhaireachta in 2017 agus €82,824.
2 Sonraíodh go mícheart i Ráitis Airgeadais Iniúchta 2017 gurbh é 38 an CRF amhail an 31 Nollaig 2018

(d) Pearsanra Bainistíochta Ríthábhachtach

Is ionann an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach reatha in Údarás Craolacháin na hÉireann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, an Leas-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus an seachtar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe do phearsanra bainistíochta ríthábhachtach:

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Tuarastal	716,127	638,101
	716,127	**638,101**

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a tuilleadh i gcaitheamh na tréimhse. Is iad an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach ná baill scéim pinsean Údarás Craolacháin na hÉireann agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí sa mhéid sin de thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí eiseamláirí.

6 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Le litir dar dháta an 13 Deireadh Fómhair 2009, rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ("an tAire") an tUasal Michael O'Keeffe, Príomhfheidhmeannach Choimisiún Craolacháin na hÉireann, a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(7) den Acht Craolacháin, 2009. Mhairfeadh an ceapachán tréimhse aon bhliana dar thús an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2010. An 15 Feabhra 2010, chuaigh an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Údarás Craolacháin na hÉireann isteach i gconradh fostaíochta lena gcuimseofaí an tréimhse sin.

Le litir dar dháta an 30 Meán Fómhair 2010, thug an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ceadú i bprionsabal chun an Príomhfheidhmeannach Eatramhach a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun Alt 14(12) den Acht Craolacháin 2009. Mhairfeadh an ceadú i bprionsabal tréimhse dhá bhliain go leith dar thús an 1 Deireadh Fómhair 2010. Bhí an ceadú faoi réir téarmaí agus coinníollacha chonradh nua fostaíochta an Uasail O'Keefe a bheith á gceadú ag an Aire. Bhí an ceadú sin faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin de bhun Alt 14(5) d'Acht 2009.

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí an cheist maidir le conradh don Uasal Michael O'Keeffe fós gan réiteach. Mar sin féin, ina dhiaidh sin, tugadh conradh chun críche ar an 13 Feabhra 2019 idir an BAI agus an tUasal O'Keeffe, ar fhaomh an tAire a théarmaí agus a choinníollacha le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de bhun Alt 14(5) d'Acht 2009.

Thabhaigh BAI táillí dlí €1,474 (€2,000 in 2017) i dtaca leis an ábhar sin sa bhliain 2018. B'ionann agus €14,980 na táillí iomlána a bhí tabhaithe ag BAI anuas go deireadh na bliana 2018.

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach ar ráta €127,623 in aghaidh na bliana ar 31 Nollaig 2018 (2017: €116,078). B'ionann agus €125,314 (2017: €114,989) luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018. Rinne an fostóir ranníocaíocht aoisliúntais €20,866 (2017: €19,165) freisin. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar theidlíochtaí caighdeánacha Scéim Eiseamláireach na hEarnála Poiblí. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhfheidhmeannach in 2018.

B'ionann agus €8,748 (2017: €6,443) na costais taistil agus chothaithe iomlána a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach nó a íocadh thar a cheann sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

7 Táillí Comhairleachta

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Iniúchóireacht agus Faireachán	49	39
Beartais, Cóid agus Rialacha	326	516
Comhairleacht Ghinearálta	266	187
Comhairleacht TF	45	20
Seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais BAI	25	64
	711	**826**

8 Costais Riaracháin

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Taisteal agus Cothú	54	51
Acmhainní Daonna	44	66
Teileafón agus Postas	47	42
Costais Oifige	188	158
Cleamhnachtaí Gairmiúla agus Síntiúis	21	23
Teicneolaíocht Faisnéise	109	88
	463	**428**

Sa bhliain 2018, tá costais taistil eachtraigh €33,553 (2017: €26,823), costais taistil intíre €17,735 (2017:€19,715) ag an bhfoireann agus costais taistil neamhfhoirne €2,722 ar áireamh i gcostais Taistil agus Chothaithe. Tá costais €14,873 (2017:€17,642) a bhaineann le foireann agus le lónadóireacht eile de chuid an BAI ar áireamh i Speansais Oifige.

9 Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Maoiniú Líonra	326	373
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	10	81
Urraíocht	148	145
	484	**599**

10 Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh	655	674
Slándáil agus Glantachán	81	79
Solas agus Teas	16	16
	752	**769**

11 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán	Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feistis	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Teicniúil	Mótar-fheithiclí
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Costas							
Amhail an 31.12.2017	**3,987**	**357**	**84**	**683**	**2,630**	**173**	**60**
Breiseanna	4	-	-	4	-	-	-
Diúscairtí	(14)	(14)	-	-	-	-	-
Amhail an 31.12.2018	**3,977**	**343**	**84**	**687**	**2,630**	**173**	**60**
Díluacháil							
Amhail an 31.12.2017	**3,934**	**345**	**69**	**680**	**2,608**	**172**	**60**
Muirear don Bhliain	16	8	4	1	3	-	-
Diúscairtí	(14)	(14)	-	-	-	-	-
Amhail an 31.12.2018	**3,936**	**339**	**73**	**681**	**2,611**	**172**	**60**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31.12.2018	**41**	**4**	**11**	**6**	**19**	**1**	**0**
Amhail an 31.12.2017	**53**	**12**	**15**	**3**	**22**	**1**	**-**

12 Suimeanna Infhaighte

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Féichiúnaithe	754	622
Réamhíocaíochtaí	170	201
An Ciste Craolacháin	55	353
Eile	19	20
	998	**1,196**

Tá luach cóir na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí tugtha mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh de bhliain amháin. Tá féichiúnaithe léirithe glan ar bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

13 Airgead agus coibhéisí airgid

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Iarmhéid Taiscí Gearrthéarmacha amhail an 1 Eanáir	279	278
Breiseanna Taiscí Gearrthéarmacha	-	-
Aistarraingtí Taiscí Gearrthéarmacha	-	-
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh amhail an 31 Nollaig	987	1,367
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**1,266**	**1,645**

Tá aibíochtaí is lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a thar-rolladh ar aghaidh ar aibíocht a bhaint amach.

14 Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Creidiúnaithe Trádála	99	124
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	405	200
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	74	163
Fabhruithe	507	649
Na Coimisinéirí Ioncaim	334	422
Eile	163	140
	1,582	**1,698**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite i ndeireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Maidir leis na suimeanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach bhfuil nóta maidir le nochtadh sonrach ag gabháil leo, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

15 Saoráid Iasachta

Sa bhliain 2016, de bhun alt 35 den Acht Craolacháin 2009, fuair an tÚdarás cead le haghaidh saoráid iasachta €1 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta d'fhonn a chumasú don Údarás bainistiú a dhéanamh ar a riachtanais sreafa airgid a thagann as difríochtaí in uainiú fháil an ioncaim tobhaigh (a shonrasctar ar bhonn ráithiúil i riaráiste) agus ar a chostais a bhíonn dlite lena n-íoc ar fud na bliana. Ní dhearnadh aon íostarraingtí as an tsaoráid sin i gcaitheamh na bliana (rinneadh in 2017: €500,000 a íostarraingt agus a aisíoc go hiomlán i mí Eanáir 2018).

16 Cuntas Caipitil

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	53	50
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	4	27
Amúchadh i gcomhréir le Díluacháil Sócmhainní	(16)	(24)
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(12)**	3
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**41**	53

17 Léasanna Oibriúcháin

Áitíonn an tÚdarás áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, rud a ndeachaigh sé isteach ann sa bhliain 2001. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €536,000 iad sa bhliain 2018 (2017: €527,000).

Tugadh fógra do BAI go luath in 2017 á rá gur theastaigh ón tiarna talún athbhreithniú cíosa a thionscnamh a dtiocfadh éifeacht leis an 7 Nollaig 2016. Tugadh na caibidlí chun críche in 2018 agus ba é €530,000 an cíos bliantúil ar comhaontaíodh air ón 7 Nollaig 2016.

Ba é €536,000 (2017: €527,000) an tsuim iomlán a gearradh i leith na léasanna oibriúcháin agus na gcostas gaolmhar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

	2018	2017
Ceangaltais Léasa	**€ '000**	**€ '000**
Faoi bhun 1 Bhliana	530,000	477,000
Idir 2-5 Bliana	1,060,000	1,431,000
Os cionn 5 Bliana	-	-
	1,590,000	1,908,000

18 Costais Sochar Scoir

(a) Sochair Scoir

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le halt 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar gnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomhscéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, bhí siad á n-oibriú ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil an 16 Meitheamh 2017. Soláthraítear leis an tseanscéim sochair scoir (i bhfoirm cnapshuime agus pinsin) do bhaill foirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh baill éagtha. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar socrú leis an scéim maidir le cnapshuim phinsin agus scoir agus í bunaithe ar luach saothair inphinsin meán-ghairmréime, agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta phinsin (a fhadaítear i gcomhréir le hathruithe ar aois phinsin an Stáit). Folaíonn sí saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois amach. Téann pinsin ina n-íocaíochtaí i méid i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, a thug gealltanas maoiniú a sholáthar don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. D'athraigh an tÚdarás an chóireáil agus na nochtuithe a cheanglaítear a dhéánamh le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

B'ionann an dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2018 agus €12.092M (2017: €11.491M). Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dliteanas pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc agus nuair a bheidh siad le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige chun aisíocaíochta.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2018. Ba achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

(b) Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:	**2018**	**2017**
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.80%	2.95%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.30%	2.45%
Ráta Lascaine	1.90%	2.01%
Ráta Boilscithe	1.80%	1.95%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh ball foirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh ball an aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a bheidh ag baint 65 bliana d'aois amach sna blianta 2018 agus 2038.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	**2018**	**2038**
Ionchas saoil – fear	21.4	23.8
Ionchas saoil – bean	23.9	25.9

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochar Scoir

Tá na nithe seo a leanas ar áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i leith costais sochar scoir:

	2018	2017
	€'000	€'000
Ranníocaíocht ón bhFostóir a íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	312	250
Costas seirbhíse reatha	708	663
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	231	191
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(939)	(795)
	312	**309**

(d) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2018	2017
	€'000	€'000
Iarmhéid tosaigh	11,491	10,476
Costas seirbhíse reatha	708	604
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	231	191
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	(330)	225
Sochair a íocadh	(8)	(5)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**12,092**	**11,491**

(e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An bhliain airgeadais dar chríoch				
	2018	2017[3]	2016	2015	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáid sochair shainithe	12,092	11,491	10,476	7,575	7,020
Easnamh	(12,092)	(11,491)	(10,476)	(7,575)	(7,020)
Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	(216)	358	59	(178)	(786)
Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	(1.8%)	3.4%	(0.6%)	(2.3%)	(11.2%)

3 Níor áiríodh i Ráitis Airgeadais Iniúchta 2017 sonraí 2017 maidir le caillteanas / (gnóthachain) ó Thaithí ar dhliteanais an phlean.

19. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2018.

20. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 27 Meitheamh 2019.

AN CISTE CRAOLACHÁIN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
31 NOLLAIG 2018

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 84

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 85

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 87

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 88

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 89

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 90

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Déanann an tÚdarás cuntas reatha agus cuntas infheistíochta a rialú agus a bhainistiú de réir Alt 157 (2) den Acht. Déanann an tÚdarás an cuntas reatha a bhainistiú le haghaidh reáchtáil laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear ioncam a fháil faoi Alt 156 (2)/(3) d'Acht 2009, Deontais agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin a íoc agus aon chaiteachas a thabhaíonn an tÚdarás as an gCiste Craolacháin a oibriú.

Íoctar isteach sa chuntas infheistíochta aon airgead nach dteastaíonn chun dliteanais reatha an Chiste Craolacháin a íoc. Infheistítear an t-airgead seo de réir Bheartas Infheistíochta an Údaráis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Chiste.

Leagtar amach sonraí chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe Údarás Craolacháin na hÉireann i ráiteas Údarás Craolacháin na hÉireann ar rialú agus rialachas inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2018 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2018 and of its income and expenditure for 2018 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report (including the governance statement and the Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

28 June 2019

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the statement of responsibilities, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

	Nóta	2018 € '000	2017 € '000
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	**3(a)**	14,513	14,073
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	57	23
Ús Infhaighte		21	12
Iomlán		**14,591**	**14,108**
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3(c)**	12,587	12,891
Costais Foirne	**5**	457	451
Táillí Dlí		9	8
Costais Riaracháin	**6**	416	796
Táille Iniúchta		7	6
Costais Mheasúnachta		61	55
Costais Chomhairleachta		69	20
Iomlán		**13,606**	**14,227**
(Easnamh) / Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**985**	**(119)**
Iarmhéid ag tús na bliana		**20,224**	**20,343**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**21,209**	**20,224**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 27 Meitheamh 2019 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2018

	Nóta	2018 € '000	2017 € '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	**8**	15	5
Airgead agus Coibhéisí airgid	**7**	6,944	15,267
Taiscí gearrthéarmacha eile	**7**	14,300	5,300
		21,259	**20,572**
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**9**	(50)	(348)
Glansócmhainní		**21,209**	**20,224**
Arb ionann iad			
Cúlchiste Ioncaim Choinnithe		21,209	20,224
		21,209	**20,224**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 27 Meitheamh 2019 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

	2018	2017

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2019

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
27 Meitheamh 2019

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
27 Meitheamh 2019

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

	€ '000	€ '000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	985	(119)
Torthaí ar Infheistíochtaí	(21)	(12)
Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	(10)	6
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	(298)	339
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**656**	**214**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús Faighte	21	12
Infheistithe i dTaiscí Gearrthéarmacha	(9,000)	3,350
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(8,979)	3,362
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**(8,323)**	**3,576**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	**15,267**	**11,691**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**6,944**	**15,267**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh chun feidhme iad go léir go comhsheasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú), 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a rinne é a bhainistiú roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riarachán an Chiste Craolacháin agus idirbhearta ar an gCiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 157 den Acht Craolacháin, 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

(d) Ioncam

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás, as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon speansais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnas teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnas teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon speansais i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an tAire ina dtaobh gur speansais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

(e) Deontais

Forchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí maidir le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad mar speansas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I measc na gcoinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, tá foráil chun deontas a fháil ar ais ó ioncam a ghineann an deontaí go dtí pé tráth a mbeidh a infheistíocht deontais aisghafa ag an Údarás. Tugtar breac-chuntas ar Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i rith 2018 i Nóta 2.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach bhfuil an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

(f) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach
Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

2 Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	57	23

Cuirtear clásal aisíocaíochta ar áireamh i gconarthaí na Scéime Fuaime agus Físe le go mbeifear in ann an deontas a aisíoc mura mbaineann an tionscadal rath tráchtála amach. Léirítear san airgead thuas an chuid de na deontais a aisíocadh i dtaca le trí léiriú a maoiníodh i gcaitheamh na bliana. Tugtar cuntas i méideanna a aisíocadh ar bhonn fáltais airgid.

3 An Scéim um Maoiniú Craolacháin

(a) Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus teilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse. Bhí Deontas 2018 ón Oireachtas ar áireamh i bhfo-cheannteideal B6 de Vóta 29 don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

(b) Oibríonn BAI dhá Scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í an **Scéim Fuaime agus Físe 3 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 ar dtús agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50m in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana. I mí Eanáir 2015, cheadaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Scéim go dtí deireadh na bliana 2019.

Is í an dara scéim a oibríonn BAI ná an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú** ("an Scéim um Chartlannú"). Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt cultúir ar mhaithe le cartlannú in earnáil craolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an chéad Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus chuaigh sí as feidhm i mí Aibreáin 2016. Reáchtáladh trí bhabhta maoiniúcháin faoin gcéad scéim sin idir 2013 agus 2015, dámhadh cistí do 23 thionscadal cartlannúcháin ar fud raon iarratasóirí. Rinneadh athbhreithniú ar oibríocht, ar éifeachtacht agus ar thionchar na chéad scéime sin in 2016 agus tugadh an tuarascáil dá éis chun críche i gcaitheamh 2017 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil í i mí Mheán Fómhair 2017.

Bhí an t-athbhreithniú freisin ina bhonn eolais faoin dara scéim dréachta a fhorbairt, inar áiríodh comhchomhairliúchán spriocdhírithe i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2017, ar tugadh aird sna freagraí air go rabhthas sásta tríd is tríd leis an gcur chuige a mhol an tÚdarás. Cheadaigh an tAire Scéim um Chartlannú 2 in 2018 agus seoladh an 7 Meitheamh 2018 í.

(c) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaime agus Físe	2018	2017
	€ '000	€ '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	13,652	14,462
Dámhachtainí a deonaíodh	11,854	11,362
Deontais a íocadh	(12,237)	(12,158)
Deontais a aisíocadh	10	54
Deontais a dídhílsíodh	(649)	(68)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**12,630**	**13,652**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe	2018	2017
	€ '000	€ '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	1,901	2,689
Dámhachtainí a deonaíodh	1,898	-
Deontais a íocadh	(360)	(787)
Deontais a dídhílsíodh	-	(1)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**3,439**	**1,901**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**16,069**	**15,553**

4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin €453,544 (2017: € 444,382) de thuarastail, € 145,974 (2017: € 181,568) d'fhorchostais ghinearálta, €74,070 (2017: €72,862) de ranníocaíocht urraíochta leis an scéim ciste craolacháin, €15,038 (2017: €17,018) de tháillí ceadúnais TF agus de tháillí tacaíochta TF agus comhairle infheistíochta €13,000 (2017: €13,000). Tá tuilleadh sonraí faoi athmhuirearú an Chiste Craolacháin i Nótaí 5 agus 6 thíos.

5 Costais Foirne

	2018	2017
	€ '000	€ '000
Pá agus Tuarastail	364	363
Costais Leasa Shóisialaigh	29	28
Costais Phinsin	61	60
Costais Foirne a Athmhuirearaíodh ar an BAI	**454**	**451**
Lucht Foirne Sealadach	3	0
Costais Foirne Iomlána	**457**	**451**

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. Bhí baill foirne shealadacha ar fostú trí ghníomhaireacht ar feadh tréimhse ghearr i mí na Bealtaine 2018 agus i mí na Samhna 2018. Ba é €3,388 (2017: €0) an costas comhlán ar an BAI i leith pearsanra gníomhaireachta in 2018.

Tá roinnt fostaithe ar fostú ag Údarás Craolacháin na hÉireann, áfach, a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2018, bhí sé sin cothrom le 7 (2017: 6.75) de choibhéisí lánaimseartha. I gcaitheamh 2018, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €453,544 (2017: €444,382) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas tuarastail a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

I mBealtaine 2018, rinneadh nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim dar luach €99,367 san iomlán. Tar éis dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an ábhar rinneadh íocaíocht chomhaontaithe deiridh €100,560 leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Iúil 2018. Bhain €95,930 den íocaíocht sin leis an gCiste Craolacháin lena n-áirítear €18,013 d'ús agus de phionóis. Chuimsigh Ráitis Airgeadais 2017 an Chiste Craolacháin €95,016 den íocaíocht sin. Tugtar cuntas ar an méid a bhí fágtha, €914, i Ráitis Airgeadais 2018 an Chiste Craolacháin. Tá an teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh an ábhair sin tugtha chun críche anois.

6 Costais Riaracháin

	2018 € '000	2017 € '000
Forchostais:		
Cíos agus Rátaí	102	117
Costais áitribh	29	54
Costais oifige	14	27
Oiliúint foirne	5	11
Fo-iomlán na bhforchostas	**150**	**209**
Urraíocht	**74**	**92**
Costais dhíreacha:		
Cartlannú na Scéime Fuaime agus Físe	97	214
Táillí gairmiúla	13	13
Feasacht an Phobail	10	15
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	66	223
Aistriúchán	3	5
Eile	3	24
Táillí bainc	0	1
Fo-iomlán na gcostas díreach	**192**	**495**
Iomlán na gCostas Riaracháin	**416**	**796**

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (in 2018, 17.07%; in 2017, 19.91%) de líon foirne iomlán BAI sa tréimhse. I gcaitheamh 2018, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €174,012 (2017: €211,586) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

Comhroinntear costais urraíochta €148,140 (2017: €145,724) go cothrom idir BAI agus an Ciste Craolacháin. In 2018, ba é €74,070 (2017: €72,862) san iomlán an costas urraíochta a thabhaigh an Ciste Craolacháin.

7 Taiscí agus Airgead/coibhéisí airgid

		2018	2017
		€ '000	€ '000
(a)	Taiscí Gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí)	5,600	14,108
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mhí)	14,300	5,300
	Airgead sa bhanc agus ar láimh	1,344	1,159
		21,244	**20,567**
	Airgead /coibhéisí airgid		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	14,108	10,505
	Breiseanna	300	8,191
	Aistarraingtí	(8,808)	(4,588)
	Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail an 31 Nollaig	1,344	1,159
	Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	**6,944**	**15,267**
(b)	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha Eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	5,300	8,650
	Breiseanna	9,000	1,550
	Aistarraingtí	-	(4,900)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**14,300**	**5,300**

(c) De réir mar a cheanglaítear faoi alt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanais reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse cuntais, choinnigh an tÚdarás na cistí barracais i dtaisce i mbainc thráchtála.

8 Suimeanna Infhaighte

	2018	2017
	€ '000	**€ '000**
Ús Fabhraithe	15	5
	15	**5**

9 Suimeanna Iníoctha

	2018	2017
(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**€ '000**	**€ '000**
Údarás Craolacháin na hÉireann	55	353
DIRT (Infhaighte)/Iníoctha	(5)	(5)
	50	348

10 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2018.

11 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 27 Meitheamh 2019.

Údarás Craolacháin na hÉireann
2 - 5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath D02 XP29
T: 353 1 644 1200
R: info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets